



An Bhruiséal, 16.1.2023  
COM(2023) 24 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN  
gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA  
AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN**

**Tuarascáil ar dhul chun cinn Bauhaus Eorpach Nua**

## Clár Ábhar


1. Achoimre Feidhmiúcháin .....	2
2. Cistiúchán NEB .....	5
3. Cur chun feidhme i mBallstáit.....	9
4. Tionchar NEB ar chomhshaol beartais an Aontais .....	10
4.1 Tionchar NEB ar chomhshaol beartais an Aontais .....	10
4.2 Beart de réir briathair á dhéanamh ag an gCoimisiún .....	12
5. Oideachas agus scileanna .....	13
6. Pobal méadaitheach de lucht tacaíochta agus lucht feidhmithe.....	14
6.1 Comhpháirtithe.....	15
6.2 Cairde.....	17
6.3 Cruinniú Comhchéime Ardleibhéil .....	18
6.4 Pointí Teagmhála Náisiúnta .....	18
7. Saotharlann NEB .....	19
7.1 Tionscadail faoi stiúir an Choimisiúin.....	20
7.2 Tionscadail faoi stiúir an phobail .....	22
8. Duaiseanna Bauhaus Eorpach Nua 2021 agus 2022 .....	23
9. Cumarsáid, rannpháirtíocht phoiblí, imeachtaí .....	24
9.1 Cumarsáid agus rannpháirtíocht an phobail.....	24
9.2 Imeachtaí NEB.....	25
9.2.1 Féile Bauhaus Eorpach Nua 2022.....	25
9.2.2 2 Imeachtaí eile a bhaineann le NEB ag an gCoimisiún Eorpach .....	28
9.2.3 3 Imeachtaí a bhaineann le NEB lasmuigh den Eoraip.....	29

## 1. Achoimre Feidhmiúcháin

Seoladh an Bauhaus Eorpach Nua (NEB) chun an Comhaontú Glas don Eoraip a aistriú go hathrú follasach ar an láthair a chuireann feabhas ar ár saol laethúil, i bhfoirgnimh, i spásanna poiblí, ach i bhfaisean nó i dtoscán chomh maith. Díríonn an Bauhaus Eorpach Nua ar stíl mhaireachtála nua a chruthú lena gcuireann inbhuanaitheacht agus dea-dhearadh le chéile, nach dteastaíonn an méid carbóin chéanna agus atá ionchuimsitheach agus inacmhainne do gach duine, agus meas a léiriú ar an éagsúlacht atá againn san Eoraip agus níos faide i gcéin.

Gan ach dhá bhliain tar éis a seolta, tá NEB ina chatalaíoch le haghaidh chlaochlú an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, a áiríthíonn cuimsiú sóisialta agus rannpháirtíocht. D'fhás an tionscnamh ina ghluaiseacht ag a bhfuil pobal gníomhach agus ag fás ó gach Ballstát an Aontais agus níos faide i gcéin.


An tráth céanna, a bhí le cistiúchán leathan ó chlár éagsúla an Aontais, thosaigh NEB fíorathrú a chur chun feidhme ar an láthair. In 2022, roghnaíodh an seisear taispeántóirí NEB tosaigh agus thug siad faoin obair. In 2023, leanfaidh na chéad 10 eile. Cé nach bhfuil clár sonrath an Aontais ag NEB, infheistíodh breis is 100 milliún Euro cheana i dtionscadail NEB le tacaíocht ó chlár éagsúla CAI amhail Fís Eorpach, Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), an Clár don Chomhshaol agus do Ghníomhú ar son na hAeráide (LIFE), Clár an Mhargaidh Aonair agus Clár don Eoraip Dhigiteach. Chuir NEB béim speisialta ar thacaíocht le tionscnaimh agus tionscadail níos lú, leis na Gradaim NEB mar shampla as a bronnadh 38 tionscadal cheana.



Agus 600 eagraíocht chomhpháirtíochta oifigiúil aige ó líonraí ar fud an Aontais go tionscnaimh áitiúla, téann NEB i bhfeidhm ar na milliúin saoránach. D'éirigh leis an tionscnamh daoine a thabhairt le chéile ó chúirí éagsúla - ón ealaín agus dearadh, tionscail chultúrtha agus chruthaitheacha, institiúidí oidhreachta cultúrtha, go hoideoirí, eolaithe agus nuálaithe, údaráis áitiúla agus réigiúnacha agus tionscnaimh ó na saoránaigh, agus tá ról ríthábhachtach ag gach ceann acu NEB a chur i gcrích. Mar shampla, na chéad chairde (cuideachtaí agus eintitis phoiblí), tacaíonn siad leis an tionscnamh ar go leor bealaí lena n-áirítear infheistíochtaí príobháideacha. Scaipeann líonra na bpointí teagmhála náisiúnta NEB go díreach ar an láthair. Tiocfaidh tú ar shamplaí cur chun feidhme sna Ballstáit sa chaibidil chomhfhreagrach.

Anuas ar na gníomhaíochtaí, imeachtaí agus tionscadail a thionscain an Coimisiún é féin, spreag NEB líon ollmhór gníomhaithe áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta a gcuid tionscnaimh NEB féin a chruthú.

Ní féidir gach ceann acu a lua sa tuarascáil, ach bíonn páirt ag an gcuid is mó de thionscadail agus de Phobail NEB sa **deais NEB<sup>1</sup>**, léarscáil idirghníomhaíochta a bheidh ag éabhlóidiú agus Pobal NEB ag fás go fóill.



Ní hamháin gur chruthaigh NEB a ghluaiseacht féin, ach spreag sé daoine eile a bheith ag obair le chéile faoi luachanna NEB. Mar shampla, sheol earnáil adhmaid- bhunaithe na hEorpa **Wood4Bauhaus<sup>2</sup>**, ardán oscailte chun teagmháil a dhéanamh leis an tionscal tógála agus leis na páirtithe leasmhara uile a bhfuil baint acu leis. Is sampla eile é an **Chomhghuaillíocht Eorpach Faisin<sup>3</sup>** a bunaíodh le déanaí agus a ghlac a inspioráid ó NEB. Chruthaigh scoth na n-eagraíochtaí faisin chruthaigh Eorpacha comhghuaillíocht d’fhonn éiceachóras faisin Eorpach bisiúil inbhuanaithe cuimsitheach a chothú.

Níl iontu sin ach roinnt samplaí de thionchar NEB chun cur le claoclú ár ngeilleagair agus ár sochaithe agus chun ár spriocanna aeráide a bhaint amach. Tacaíonn agus cuireann NEB freisin le tionscnaimh bheartais eile de chuid an Choimisiúin, amhail athbhreithniú ar an rialachán maidir le táirgí foirgníochta nó conairí claochlaithe roinnt éiceachóras. In 2023, forbróidh NEB Acadamh NEB mar rannchuidiú le Bliain Eorpach na Scileanna agus cuirfidh sé cúrsaí oiliúna i bhfeidhm maidir le tógáil inbhuanaithe, ciorclaíocht agus ábhair bhithbhunaithe chun claoclú na hearnála a luathú.

D’fhorbair NEB ina insint iontaofa agus chumhachtach de chlaoclú nach bhfágann aon duine inár ndiaidh. Déanann sé cumarsáid trí bhealaí cumarsáide éagsúla go díreach leis na saoránaigh. Chun a bheith níos páirtí fiú, in 2023, gheobhaidh NEB a chuntas LinkedIn féin.

<sup>1</sup> Deais: <https://web.jrc.ec.europa.eu/dashboard/NEB/>

<sup>2</sup> <https://wood4bauhaus.eu/>

<sup>3</sup> <https://www.europeanfashionalliance.org/>



#### Suíomh Gréasáin

**298 200**  
cuartheoir

**792 500**  
amharc leathanaigh  
le bliain anuas

[Ón seoladh:  
**624 000** cuairteoir  
**1 881 400** amharc  
leathanaigh]



#### Ardáin ghréasáin eile

**110 000**  
cuartheanna don 2022  
ardán duaiseanna NEB

**49 910**  
cuartheoirí uathúla don  
ardán féile NEB  
le linn na coicíse  
thart ar an imeacht



#### Instagram

**24 700**  
leantóir

**37 900**  
idirghníomhú  
le bliain anuas

**272**  
idirghníomhaíocht ar an  
meán  
in aghaidh na postála



#### Nuachtlitreacha

**27 300**  
síntiúsóir leis an  
nuachtlitir mhíosúil

**1 000**  
faighteoir  
nuashonruithe pobail  
seachtainiúla

Chun NEB a dhéanamh follasach, teastaíonn critéir shoiléire chun tionscadail agus tionscnaimh a mheasúnú. In éineacht leis an tuarascáil sin, foilsíonn an Coimisiún Compás NEB, an chéad uirlis mheasúnaithe lena gceadaítear forbróirí tionscadail leibhéal NEB a gcuid tionscadal a sheiceáil. Mínítear leis ciall na dtrí luach NEB, inbhuanaitheacht, cuimsiú agus áilleacht; is féidir anois iad a chomhtháthú agus a chumasc le prionsabail oibre na rannpháirtíochta agus na trasdsiclíneachta. Bunaithe ar an gCompás sin, forbrófar mionuirlisí measúnaithe, ag tosú leis an timpeallacht thógtha. Ba cheart na chéad torthaí a bheith ar fáil in 2024.

Leanfaidh an Coimisiún leis an obair maidir le **bacainní a bhaint**, lena n-áirítear bacainní maorlathacha agus dlíthiúla, do dhaoine ag a bhfuil tionscnaimh ar an láthair. Sa chomhthéacs seo, soláthróidh **anailís rialála** shaotharlann NEB na chéad torthaí in 2023 mar shampla le ceardlann maidir le hábhair thógála bhithbhunaithe a cheanglóidh le hAcadamh NEB chomh maith. Beidh an Coimisiún ar thóir réiteach i gcónaí ar bhealaí nua cistiúcháin a dhéanamh ar struchtúir níos lú ar deacair dóibh rochtain a bheith acu ar scéimeanna cistithe an Aontais atá ann faoi láthair trí thionscadal Shaotharlann NEB le haghaidh **Cistiúchán Nuálach**.

Is mian le NEB saoránaigh a spreagadh, ag tabhairt muinín do gach duine a labhairt amach agus a bheith rannpháirteach. Tá ceann de na príomhchúraimí atá ag NEB fós, dá bhrí sin, baint a dhéanamh leis na réigiúin agus na tíortha siúd nach bhfuil a lán gníomhaíochtaí NEB acu go dtí seo agus a fhreastal ar earnálacha tearcionadaithe sa Phobal lena n-áirítear an geilleagar sóisialta agus na glúnta óga. Beidh NEB níos páirtí fiú leis na hearnálacha cruthaitheacha agus cultúrtha mar gheall ar an ról ríthábhachtach atá acu leis an tionscnamh, go háirithe a mhéid a bhaineann le comhtháthú luach na háilleachta agus scaipeadh na mbríonna nua.

Leanfaidh an Coimisiún le bheith ag obair chomh maith ar phríomhshruthú NEB i gclár an Aontais, faoi bhainistíocht chomhpháirteach i mBeartas Comhtháthaithe san áireamh, agus le cistiú an tionscnaimh a mhéadú; Leithdháilfear EUR 106,3 milliún de chistiúchán ar ghlaonna tiomanta NEB faoi Mhisean agus faoi Chnuasaigh Fhís Eorpach in 2023 agus 2024. I gcomhthéacs **Bhliain Eorpach na Scileanna** 2023, beidh béim théamach ar an oideachas sa chéad eagrán eile de Dhuaiséana NEB, agus leathfar an cumhdach geografach leis chuig na Balcáin Thiar chomh maith le Ballstáit an Aontais.

Breathnóidh NEB níos mó agus níos mó thar theorainneacha agus freastalóidh sé ar chomhpháirtithe in áiteanna eile ar domhan.

Leanfaidh an Coimisiún Eorpach le bheith i gceannas ar NEB agus é a chothú, agus ag brath ar Phobal NEB chun an ghluaiseacht a fhás agus a scaipeadh de réir a chéile, agus ar rannpháirtíocht institiúidí an Aontais agus údaráis náisiúnta chun forbairt NEB a thacú agus a éascú, sa chaoi is gur ionann an Comhaontú Glas Nua don Eoraip agus an lá inniu agus an lá amárach atá ionchuimsitheach, álainn agus inbhuanaithe do gach duine.

## 2. Cistiúchán NEB

Is éard ceann de na príomhdhúshláin a bhí ann don tionscnamh NEB cistí a slógadh chun tacaíocht agus spreagadh a thabhairt do thionscadail nuálacha agus trasdisciplíneacha a léiríonn luachanna NEB agus a chumasaíonn an Comhaontú Glas ar an láthair. Cuireadh béim speisialta ar nuálaíocht, ar an gceangail idir cultúr agus teicneolaíocht agus ar thionscnaimh agus tionscadail níos lú a chistiú.

Chuaigh roinnt cláir an Aontais i gcomhar le chéile le haghaidh cur chun feidhme an tionscnaimh. Is iad an dá phríomhchóil iad Fís Eorpach agus Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE). Rannchuidíonn Clár an Mhargaidh Aonair, an Clár don Eoraip Dhigiteach, agus an Clár don Chomhshaoil agus do Ghníomhú ar son na hAeráide (LIFE)<sup>4</sup> chomh maith. Trí shlógadh rathúil chláir éagsúla an Aontais, tugadh le sraith ghlaonna tiomanta – a cuireadh suas le EUR 106,3 milliún – tacaíocht do sholáthar NEB in 2021 agus 2022. D'fheidhmigh tionscnamh NEB mar nascóir agus mar thionscnóir na sásraí cistiúcháin agus na gclár beartais atá ann cheana. Is féidir teacht ar fhorbhreathnú na nglanna sna táblaí thíos rangaithe de réir claochlaithe<sup>5</sup>.

Mar a thuairiscítear sa Teachtaireacht maidir leis an Bauhaus Eorpach Nua, is é is aidhm do NEB **athrú follasach ar an láthair**, ar an **éiceachóras cumasúcháin le haghaidh nuálaíochta**, agus ar tháirgí agus ar sheirbhísí chomh maith lena gcuirtear feabhas ar cháilíocht saoil ár saoránach agus ag an am céanna rannchuidíonn sé le **hathruithe meoin** san fhadtárma, le huailmhianta a léirítear freisin i gcuispóirí glaonna tiomanta na chéad ghluine. Cuirfear na sé **thaispeántóir tí solais NEB** chun feidhme, mar shampla, in 14 shuíomh (12 Bhallstát an Aontais – an Bheilg, Poblacht na Seice, an Ghearmáin, an Danmhairg, an Ghréig, an Chróit, an Iodáil, an Laitvia, an Ísiltír, an Phortaingéil, an tSualainn, agus an tSlóivéin – chomh maith leis an Iorua agus an Tuirc). Pléifidh siad le hábhair amhail athchóiriú foirgneamh, ciorclaíocht, na healaíona, oidhreacht chultúrtha, oideachas, cathracha cliste, limistéir chósta, athghiniúint uirbeach agus tuaithe agus tuilleadh. Faoi am a gcríochnaithe, is é is aidhm don seisear taispeántóirí claochluite doimhne a chur i gcrích trí thorthaí follasacha a sholáthar ar féidir iad a oiriúnú agus a úsáid le haghaidh foghlama i gcomhthéacsanna eile, as a dtiocfaidh tairbhí fadtéarmacha.

Leanfaidh dara glúin na dtaispeántóirí faoin **Tionscnamh Uirbeach Eorpach** faoi Bheartas Comhtháthaithe. Soláthróidh an glao a osclaíodh san fhómhar 2022 suas le EUR 50 milliún ón gCiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa a thacaíonn le réitigh nuálacha NEB le haghaidh dúshláin uirbeacha, lena n-áirítear sna réimsí: tógála agus athchóirithe i spiorad ciorclaíochta agus neodracht carbóin, caomhnaithe agus claochlaithe oidhreachta cultúrtha, oiriúnaithe agus claochlaithe foirgneamh le haghaidh réitigh thithíochta inacmhainne, agus athghiniúna spásanna uirbeacha.

---

<sup>4</sup> Le cláir eile an Aontais - Eoraip na Cruthaitheachta, Erasmus+, an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach - tá an Bauhaus Eorpach Nua á chomhtháthú mar ghné bhreise comhthéacs nó tosaíochta, rud a chuireann ar chumas iarratasóirí leasmhara a gcuid tionscadail a cheangail leis an tionscnamh

<sup>5</sup> Soláthraítear níos mó mionsonraí maidir leis na glaonna 2021-2022 NEB agus réamhaisnéis ar chistiúchán atá ar fáil le haghaidh 2023-2024 in Iarscríbhinn 1.

Thairis sin, i mí Iúil 2022, sheol an Coimisiún agus an Banc Eorpach Infheistíochta ionstraim airgeadais samhla: **'samhail fhorbairt chríochach an Bauhaus Eorpach Nua'**. Tabharfaidh an ionstraim dheonach cúnaimh d'Údaráis Bhainistíochta Beartais Chomhtháthaithe i mBallstáit an Aontais ionstraimí airgeadais a chur ar bun agus cláir chomhtháthaithe a slógadh chun acmhainní poiblí agus príobháideacha a ghairíl a thacaíonn le tionscadail NEB.

Leis an nglao **Tacaíocht do Thionscnaimh Áitiúla an Bauhaus Eorpaigh Nua**, tá Beartas Comhtháthaithe ag tabhairt aghaidh ar an ngá inniúlachtaí na n-údarás áitiúil a thógáil chun próisis chlaochlaithe áitiúla a éascú trí NEB. Dhírigh an glao sin freisin ar chlaochlaithe NEB ar spásanna fisiciúla, lena n-áirítear spásanna fisiciúla i limistéir thuaithe. Tá saintacaíocht shaincheaptha, ildisciplíneach á fáil anois ag 20 bardas beag and meánmhéide ar an láthair chun a gcuid smaointe NEB a chur i gcrích, lena n-áirítear tionscadail idir ionaid ealaíne agus spásanna oibre cruthaitheacha nua agus idir chuimsiú na Romach agus athghiniúint suíomhanna tionsclaíocha tréigthe.

I dteannta cistiúchán díreach chuig tionscadail NEB faoi Bheartas Comhtháthaithe, shínigh an Coimisiún faoi cheannas Choimisinéir Ferreira Comhaontuithe Comhpháirtíochta (PA) agus cláir le haghaidh chur chun feidhme **Chistí Comhtháthaithe 2021-2027**, in éineacht leis na 27 mBallstát uile lena n-áirítear tagairtí sonracha don NEB ag leibhéal PA nó cláir. Réitíonn gealltanais méadaithe sin na mBallstát chun tacaíocht a thabhairt don Bauhaus Eorpach Nua i **gcláir Bheartas Comhtháthaithe** an bealach chun a chur chun feidhme a phríomhshruthú ag leibhéal réigiúnach agus áitiúil le linn na tréimhse 2021-2027. Táthar ag súil cheana le tacaíocht le tionscadail NEB ar an láthair ag cláir oibriúcháin sonraigh, amhail an Ciste um Aistriú Cóir i gceann de réigiúin ghuaill na Gearmáine in Saxony-Anhalt.

Baineann gné thábhachtach eile le haghaidh chlaochlú ár spásanna maireachtála agus stíleanna maireachtála le héiceachórais tionsclaíocha. Bíonn NEB ag tacú le nuáil freisin le haghaidh táirgí agus seirbhísí nua, lena n-áirítear **réitigh dhigiteacha le haghaidh NEB**. Tá sé ag éirí níos tábhachtaí leas a bhaint as réitigh dhigiteacha a thacaíonn le tionscnaimh NEB agus is é sin is ábhar an **tionscadail digiNEB.eu** a bhíonn ag iarraidh droichid idir na pobail dhigiteacha agus na Pobail NEB a chothú agus tarraingíonn sé aird ar réitigh dhigiteacha an Aontais le haghaidh pháirtithe leasmhara uile NEB, lena mbunaítear éiceachóras digiteach NEB uile- Eorpach.

Ní amháin go bhfuil tionscnaimh NEB ag tacú le nuálaíocht sa chiall forbairtí teicniúla agus teicneolaíochta nua ach déanann sé iniúchadh ar mheascáin de teicneolaíochtaí nua agus traidisiúnta agus oiriúnú nua ceardaíochta agus eolais áitiúil. Mar shampla, bhí an chéad ghlaó den **Tionscadal Comhpháirtíochta Worth II** tiomnaithe do NEB agus roghnaíodh 65 chomhpháirtíocht ghnó ag a raibh smaointe gnó nua a bhí bunaithe ar dhearadh<sup>6</sup>. Tugann glao eile, Treiseoir NEB den Phobal EIT 2021, tacaíocht agus cistiú ar fiú EUR 50 000 gach ceann acu do 20 cuideachta a bhfuil gealladh fúthu atá nuathionscanta nó i mbun fáis.

Tacaíonn NEB le saoránaigh agus pobail chun a bheith ina ngníomhaithe gníomhacha chun an t-aistriú glas ina gcomhthéacsanna áitiúla a luathú. Trína chur chuige rannpháirtíochta, tá NEB ag iarraidh rannpháirt a thabhairt do shochar shibhialta agus do dhaoine idir óg agus aosta agus ina n-éagsúlacht uile. Cuireadh le dhá ghlaó NEB a sheol an **Pobal EIT NEB**, mar shampla, béim ar thionscadail ar scála beag agus bhí an- bhéim ar réitigh phobail a chomhchruthú in éineacht le saoránaigh. Tar éis rath an

---

<sup>6</sup> Tá tuilleadh faisnéise maidir leis na tionscadail agus na comhpháirtíochtaí gnó roghnaithe ag [https://worth-partnership.ec.europa.eu/worth-partnership-projects/worth-ii-partnership-projects\\_en](https://worth-partnership.ec.europa.eu/worth-partnership-projects/worth-ii-partnership-projects_en)

tionscadail phíolótaigh in 2021, roghnaíodh 18 dtionscadal um Rannpháirtíocht Saoránach ó 14 thír de thoradh ghlaonna 2022 le haghaidh **Chomhchruthú Spáis Phoiblí an Bauhaus Eorpaigh Nua** agus **Rannpháirtíocht Saoránach an Bauhaus Eorpaigh Nua**.

I dteannta ghlaonna tiomanta agus ghníomhaíochtaí NEB, le sraith ghlaonna agus ghníomhaíochtaí rannchuidithe cuirtear an tionscnamh chun cinn trí NEB a chur san áireamh mar ghné comhthéacs nó tosaíochta (gan aon leithdháileadh buiséid sonracha le haghaidh NEB). Is amhlaidh atá an cás, mar shampla, maidir leis an nglao a seoladh le déanaí le haghaidh tairisceana ar **scéim phiarfhoghlama maidir le haitireacht ardchaighdeán** agus an timpeallacht thógtha nó na ghlaonna amach romhainn le haghaidh **cónaitheachtaí ealaíontóirí** faoi Culture Moves Europe.

Ar deireadh, tá roinnt ghníomhaíochta NEB a chuidigh le **Bliain Eorpach na hÓige** in 2022: Mar shampla, sheol an Coimisiún bealach NEB faoin **tionscnamh Erasmus+ DiscoverEU**<sup>7</sup>, chun cuidiú le daoine atá 18 mbliana d’aois taisteal ar fud na hEorpa, i mbealach glas.

**Tábla 1: Glaonna agus ghníomhaíochtaí tiomanta le haghaidh *claochlú áiteanna ar an láthair* a thacaíonn le claochlú na timpeallachta tógtha agus stíleanna maireachtála ag leibhéal áitiúil**

Glaó	Clár	Buiséad
Tacú le cur in úsáid taispeántóirí tí solais le haghaidh thionscnamh Bauhaus Eorpach Nua i gcomhthéacs mhísin Fhís Eorpach	Fís Eorpach	EUR 30 milliún
Samhlacha comhrialachais áitiúil chun claochlú samhailteach na timpeallachta uirbí a luathú agus a rannchuidiú le tionscnamh an Bauhaus Eorpach Nua agus le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip	Fís Eorpach	EUR 2 mhiliún
An Bauhaus Eorpach Nua – ag múnlú bealach maireachtála níos glaise agus níos cothroime i sochaithe cruthaitheacha agus ionchuimsitheacha trí mheán na hAiltireachta, an Dearaidh agus na hEalaíona	Fís Eorpach	EUR 6 mhiliún
Taispeántóirí sóisialta agus ceantair thithíochta inacmhainne	Fís Eorpach	EUR 10 milliún
Láidriú comhordaithe agus malartaithe Eorpaigh le haghaidh glacadh nuálaíochta i dtreo inbhuanaitheachta, cáilíochta, ciorclaíochta agus cuimsithe sóisialta sa timpeallacht thógtha mar rannchuidiú leis an Bauhaus Eorpach nua (Built4People)	Fís Eorpach	EUR 1 mhiliún
Glaó ar Chomhchruthú Spáis Phoiblí trí rannpháirtíocht saoránach	Fís Eorpach	EUR 0,27 milliún
Glaó NEB faoin Tionscnamh Uirbeach Eorpach 2021-2027	Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE)	EUR 50 milliún

<sup>7</sup> [https://youth.europa.eu/discovereu\\_en](https://youth.europa.eu/discovereu_en)



<b>Cúnamh teicniúil d'údaráis phoiblí: Tacú le tionscnaimh áitiúla Bauhaus Eorpach Nua</b>	Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE)	EUR 2,5 milliún
<b>Tionscnamh um Thithíocht Inacmhainne</b>	Clár an Mhargaidh Aonair (CMA)	EUR 1,2 milliún

**Tábla 2: Glaonna agus gníomhaíochtaí tiomanta arb é is aidhm dóibh *an timpeallacht chumasúcháin a chlaoslú le haghaidh nuálaíochta*, tacú le nuálaíocht arb é is aidhm di inbhuanaitheacht, cuimsiú, agus aeistéitice a chomhtháthú i réitigh agus táirgí nua**

Glaon	Clár	Buiséad
<b>Luathú chuideachtaí nuathionscanta Bauhaus Eorpach Nua ag EIT – Treiseoir Phobal EIT</b>	Fís Eorpach	EUR 0,7 milliún
<b>Tionscadal Comhpháirtíochta Worth II – an chéad ghlaon ar thograí</b>	Clár COSME, an clár a bhíodh ann roimh CMA	Thart ar EUR 1 mhilliún (tá an glao comhtháthaithe sa chonradh uile ar fiú EUR 3,5 milliún go hiomlán é)
<b>Clár Intleachta Comhchoitinne agus Gníomhaíochta na gCeannaitheoirí Móra (Ceannaitheoirí Móra 3 – BB3)</b>	Clár an Mhargaidh Aonair (CMA)	gan aon mhéid réamhbhunaithe leithdháilte ar NEB
<b>Réitigh Dhigiteacha a thacaíonn le tionscnamh an Bauhaus Eorpach Nua</b>	An Clár don Eoraip Dhigiteach (DIGITAL)	EUR 1 mhilliún

**Tábla 3: Glaonna agus gníomhaíochtaí le haghaidh *scaipeadh bríonna nua*, agus ár ndearcchá agus ár meoin a cheistiú faoi na bunluachanna aeistéitice, inbhuanaitheachta agus cuimsithe**

Glaonna	Clár	Buiséad
<b>Gníomhaíochtaí Rannpháirtíochta Saoránach – Pobal EIT Bauhaus Eorpach Nua</b>	Fís Eorpach	EUR 0,12 milliún
<b>Glaon Erasmus+ le haghaidh Óige na hEorpa le Chéile</b>	Clár Erasmus+ (ERASMUS)	gan aon mhéid réamhbhunaithe leithdháilte ar NEB

Gníomhaíochtaí	Clár
----------------	------

<b>Gradam Teagaisc Nuálach Eorpach 2022 (téama bliantúil NEB)</b>	Clár Erasmus+ (ERASMUS)
<b>r- Nascadh 2022 (téama bliantúil NEB)</b>	Clár Erasmus+ (ERASMUS)
<b>DiscoverEU 2022 (bealach NEB)</b>	Clár Erasmus+ (ERASMUS)

### 3. Cur chun feidhme i mBallstáit

Comhtháthaíonn níos mó agus níos mó Ballstát NEB ina ngníomhaíochtaí agus ina mbeartas féin. Déantar é sin go páirteach trí Phointí Teagmhála Náisiúnta, ach trí aireachtaí eile i mBallstáit freisin agus trí Chomhpháirtithe agus Cairde NEB chomh maith. Tugtar sa chaibidil seo cúpla sampla le haghaidh gníomhaíochtaí Ballstát sonracha:

- I mí na Samhna 2022, d’eagraigh Rialtas na Fionlainne, i gcomhar leis an gCoimisiún Eorpach, Rialtas na Sualainne, agus Rialtas na hEastóine, an imeacht ardleibhéil **Téann an Bauhaus Eorpach Nua Isteach sna Coillte**<sup>8</sup> in Espoo (an Fhionlainn). Dhírigh an imeacht ar bhainistíocht inbhuanaithe fhoraoisí na hEorpa, chomh maith leis an bhféidearthacht go dtreoróidh ábhair bhithbhunaithe earnáil na tógála i dtreo neodracht carbóin. Bhí Príomh- Airí na Fionlainne agus na hEastóine i láthair, chomh maith le Leas-Phríomhaire na Sualainne agus an Coimisinéir Sinkevičius nuair a d’fhógair an tUachtarán von der Leyen seoladh d’Acadamh an Bauhaus Eorpaigh Nua. I gcomhthéacs Bhliain Eorpach na Scileanna 2023, is é is aidhm don tionscnamh sin scileanna glasa agus digiteacha a chothú in earnáil na tógála.
- Thionscain **Comhairle na Sualainne le haghaidh cathracha inbhuanaithe** agus sé chathair thuaidh na Sualainne “Físeanna an Tuaiscirt”<sup>9</sup> lena mbaineann 11 fhoireann chruthaitheacha le bheith ag obair ar an athrú go cathracha aeráidneodracha agus inbhuanaithe chun cuir chuige NEB a fhorbairt, bunaithe ar thúsphointí agus phróisis uathúla na sé chathair agus bhaile.
- Sa **Spáinn**, ba é NEB ceann de na fachtóirí a chuir glacadh gasta le **Dlí nua maidir le hAiltireacht Ardchaighdeán**<sup>10</sup> chun cinn lena gcuimsíodh luachanna d’inbhuanaitheacht, cháilíocht, chuimsiú agus inrochtaineacht. Ullmhaíodh an próiseas reachtaíochta trí phróiseas rannpháirtíochta a rith ag an tráth céanna le céim chomhdheartha NEB agus thóg sé ar na sineirgí le tionscnamh an Aontais.
- Tá NEB leabaithe i **mBeartas Náisiúnta na hÉirinn um Ailtireacht, Áiteanna do Dhaoine**<sup>11</sup> a seoladh i mí na Bealtaine 2022.
- Spreag NEB an **Straitéis le haghaidh chultúr agus thionscal cruthaitheach Phoblacht na Slóvaice 2030**<sup>12</sup> nua.

<sup>8</sup> <https://www.nordicbauhaus.eu/into-the-woods#/page=1>

<sup>9</sup> <https://arkdes.se/slutevenemang-visioner-i-norr/>

<sup>10</sup> [https://www.boe.es/diario\\_boe/txt.php?id=BOE-A-2022-9837](https://www.boe.es/diario_boe/txt.php?id=BOE-A-2022-9837)

<sup>11</sup> <https://www.gov.ie/en/publication/f9879-places-for-people-national-policy-on-architecture/>

<sup>12</sup> <https://www.culture.gov.sk/ministerstvo/strategia-kultury-a-kreativneho-priemyslu-2030/>

- Chuir NEB an cúlra coincheapúil ar fáil don **Bhliain um Chúram na hAeráide 2022**<sup>13</sup> Slóvacach-Ostarach a tharla faoi choimirce Uachtarán Phoblacht na Slóvaice. Arna léiriú ag Mária Beňáčková Rišková de HLRT NEB. Bhí sraith imeachtaí san imeacht a dhírigh ar athrú aeráide agus an tionchar atá aige ar phobail, lena n-áirítear na hearnálacha cruthaitheacha.
- Sheol **rialtas na Gréige** meitheal trasdisciplíneach le déanaí maidir le NEB laistigh den rialtas. Bunaíodh an grúpa il-leibhéil le comhaltaí ón Aireacht um Chomhshaol agus Fhuinneamh agus an Aireacht Chultúir araon, ollúna ó scoileanna ailtireachta sa Ghréig, innealtóirí sibhialta, ionadaithe Chomhlachas Teicniúil na Gréige agus Chumann Heilléanach na nAiltirí chomh maith le hionadaithe an Rialtais Áitiúil.
- Sa Ghearmáin, sheol **Gníomhaireacht Chomhshaoil na Gearmáine (UBA)** tionscadal taighde inmheánach arb é is aidhm dó moltaí le haghaidh spásanna uirbeacha a fhorbairt: “An Bauhaus Eorpach Nua a chur chun cinn: Soghluaisteacht Inbhuanaithe agus Spásanna Uirbeacha Athléimneacha le haghaidh Cáilíocht Saoil Níos Fearr (AdNEB)”<sup>14</sup>.
- Sa **Fhrainc**, aithníodh le glao “**Tiomanta do Cháilíocht na Tithíochta atá Amach Romhainn**”<sup>15</sup> ag Aireacht Chultúr na Fraince agus an Aireacht Tithíochta, 97 dtionscadal tógtha le séala bairr feabhais le haghaidh tithíocht inacmhainne agus cháilíochta inbhuanaithe i gcomhréir le príonsabail NEB agus deonaíodh tacaíocht shaincheaptha ar 20 tionscadal.
- Ag comhdháil neamhfoirmiúil airí an Aontais atá freagrach as Tithíocht, eagraithe faoi **Uachtarán na Fraince** i mí an Mhárta 2022, dhearbhaigh airí tithíochta go gcuirfidh siad NEB agus uirlisí agus tionscnaimh eile an Choimisiúin chun cinn (amhail an Rabharta Athchóiriúcháin) a throidéann i gcoinne róthógáil talún agus a dhéanann iarrachtaí i dtreo comhshaol maireachtála ionchuimsitheach, inrochtana agus oiriúnach<sup>16</sup>.
- Anuas air sin, i roinnt mhaith Ballstáit, bhí ról lárnach ag imeachtaí ardleibhéil mar chuid de **sheoladh cláir Bheartas Chomhtháthaithe 2021-2027** in 2022 le rannpháirtíocht an Choimisinéara Ferreira agus ionadaithe ó húdaráis rialtais, réigiúnacha agus áitiúla, a chuir uaillmhianta agus smaointe NEB, i measc nithe eile, i dtábhacht sa chlárthréimhse nua.

## 4. Tionchar NEB ar chomhshaol beartais an Aontais

### 4.1 NEB i gceapadh beartas an Aontais

Mar a leagtar amach sa Teachtaireacht maidir le Bauhaus Eorpach Nua tógтар leis an tionscnamh ar chomhthéacs beartas saibhir an Aontais. Ní dhíríonn NEB ar rialachán go príomha, ach ina ionad sin ar thionscnaimh eile an Choimisiúin a spreagadh agus ar luachanna agus phríonsabail NEB a chomhtháthú i gceapadh beartas an Aontais. Déantar é sin go páirteach tríd an gcistiú laistigh de shraith chlár an Aontais agus go páirteach trí dhlúthchomhar idir foireann NEB agus seirbhísí eile trasna an Choimisiúin. Chun an malartú sin a chothú, tugann Coiste Stiúrtha breis agus 20 Ard-Stiúrthóireacht agus ionadaithe comh-aireachtaí 15 Choimisinéir le chéile.

<sup>13</sup> <https://yearofclimate.care/en>

<sup>14</sup> <https://www.umweltbundesamt.de/en/research-project-adneb-advancing-the-new-european>

<sup>15</sup> <https://www.culture.gouv.fr/en/Thematiques/Architecture/Actualites-de-l-architecture/Appel-a-Manifestation-d-Interet-Engages-pour-la-qualite-du-logement-de-demain>

<sup>16</sup> <https://presidence-francaise.consilium.europa.eu/en/news/the-27-member-states-the-european-commission-and-stakeholders-in-housing-are-committed-to-supporting-the-ecological-transition-in-construction-for-quality-affordable-and-environmentally-friendly-housing/>

Mar chuid de na bearta leantacha ar **straitéis tionsclaíochta an Aontais**, eisíodh roinnt conairí aistrithe nó tá siad á n- ullmhú agus roinnt tagairtí iontu do NEB:

- I mí na Samhna 2022, seoladh an **chonair athraithe le haghaidh an geilleagar gaireachta agus sóisialta**<sup>17</sup>, lena leagtar amach an bealach chun geilleagar sóisialta an Aontais agus gnóthaí áitiúla a dhéanamh níos athléimní, glaise agus digití. Ar an iomlán, bhí breis is 400 páirtí leasmhara éiceachórais páirteach le linn an próiseas comhchruthaithe, lena n- áirítear Pobal NEB a chuidigh leis an doiciméad críochnaitheach go haonarach nó trí cheardlann tiomanta a eagraíodh san earrach 2022. Déantar tagairt leis an gconair aistrithe do NEB mar thionscnamh lena ndéantar iarracht pobail éagsúla i measc na cosmhuintire a shlógadh le haghaidh tionscadail inbhuanaithe, shaibhrithe agus ionchuimsitheacha a fhorbairt. Cuirtear chun suntais, go háirithe, agus aghaidh á tabhairt ar thábhacht infheistíochtaí sa bhonneagar sóisialta, go dtagraítear sa doiciméad tagairt don **Tionscnamh um Thithíocht Inacmhainne**<sup>18</sup> ar tionscnamh suaitheanta NEB é. Thairis sin, leagtar béim sa chonair aistrithe ar a thábhachtaí atá an nuálaíocht shóisialta dhigiteach agus ar Theicneolaíocht ar Fónamh chun na Maitheasa<sup>19</sup> chun tacú le tionscadail lena mbaineann cuspóir sóisialta de réir cur chuige ón mbun aníos.
- Molann **Straitéis an Aontais um Theicstílí Inbhuanaithe agus Ciorclacha**<sup>20</sup>, arna foilsíodh i mí an Mhárta 2022, gníomhaíochtaí le haghaidh saolré iomlán na táirgí teicstíle, agus tacaíonn sé leis an éiceachóras sna hathruithe glasa agus digiteacha. Tagraítear leis an straitéis do NEB agus é ag déanamh tionscadail inláimhsithe de Chomhaontú Glas don Eoraip, tionscadail a chuireann stíleanna maireachtála inbhuanaithe chun cinn, lena n- áirítear faisean, agus éilimh a shásamh a bhaineann le haeistéitic agus le huileghabhálacht.
- Leis an **gconair aistrithe le haghaidh éiceachóras tógála níos athléimní, níos glaise agus níos digití**<sup>21</sup>, cuirtear deiseanna breise ar fáil chun comhoibriú le NEB. Sa doiciméad inmheánach oibre chun an próiseas comhchruthaithe a sheoladh i Mí na Nollag 2021<sup>22</sup> cuimsítear roinnt tagairtí ann do NEB, lena n-áirítear naisc chun ráta bliantúil athchóirithe dhomhain a luathú. Déantar tagairt do shaotharlann NEB mar uirlis fhéideartha amháin chun creat cumasúcháin a chruthú chun tacú le hathléimneacht thógála, lena n-áirítear déileáil le spleáchais straitéiseacha.

Thairis sin, i measc thionscnaimh rialála nua an Choimisiúin a thacaíonn le huailmhian an chomhaontaithe ghlais, thug an Togra le haghaidh leasaithe den **Treoir maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh** tagairt do NEB isteach mar ghné chomhthéacs<sup>23</sup> agus bhí NEB ag tionlacan go grinn leasú rialachán an Táirge Foirgníochta.

Agus é mar aidhm clár oibre taighde agus nuálaíochta réamhbhreathnaitheacha do NEB a fhorbairt, d’eagraigh an Coimisiún ceardlann ardleibhéal ar ‘Taighde agus Nuálaíocht don Bauhaus Eorpach Nua’,

<sup>17</sup> [https://single-market-economy.ec.europa.eu/sectors/proximity-and-social-economy/proximity-and-social-economy-transition-pathway\\_en](https://single-market-economy.ec.europa.eu/sectors/proximity-and-social-economy/proximity-and-social-economy-transition-pathway_en)

<sup>18</sup> [Tionscnamh um Thithíocht Inacmhainne \(europa.eu\)](https://ec.europa.eu/energy/sites/default/files/proposal-recast-energy-performance-buildings-directive.pdf)

<sup>19</sup> Baineann Teicneolaíocht le Leas le réitigh agus seirbhísí faoi chumhacht teicneolaíochta, inacmhainne, iontaofa a chuireann cúiseanna maithe sóisialta agus comhshaoil chun cinn.

<sup>20</sup> [https://environment.ec.europa.eu/publications/textiles-strategy\\_en](https://environment.ec.europa.eu/publications/textiles-strategy_en)

<sup>21</sup> [https://single-market-economy.ec.europa.eu/sectors/construction/construction-transition-pathway\\_en](https://single-market-economy.ec.europa.eu/sectors/construction/construction-transition-pathway_en)

<sup>22</sup> <https://ec.europa.eu/docsroom/documents/47996>

<sup>23</sup> <https://ec.europa.eu/energy/sites/default/files/proposal-recast-energy-performance-buildings-directive.pdf>

as ar eascair foilsíú **‘Tuarascáil Chumarphointe Fhís Eorpach- Bauhaus Eorpach Nua’**<sup>24</sup> i mí Feabhra 2022. Thug an cheardlann saineolaithe le chéile in ailtireacht, i dtimpeallacht thógtha, i ndearadh, in aeráid agus i bhfuinneamh. Rannchuidíonn moltaí na tuarascála le forbairt chlár oibre d’Fhís Eorpach a thugann tacaíocht níos fearr do chuspóirí NEB. Spreagtar roinnt glaonna sa chlár oibre d’Fhís Eorpach 2023/24 leis an tuarascáil seo.

Ag leibhéal idirinstiúideach, ba é ceann de na príomhfhorbairtí beartais é an glacadh i mí na Samhna 2021 de **chonclúidí ón gComhairle maidir le ‘cultúr, ailtireacht ardchaighdeán agus timpeallacht thógtha mar phríomhghnéithe thionscnamh an Bauhaus Eorpach Nua’**<sup>25</sup>. Cuirtear leis na conclúidí fáilte roimh na Ballstáit cur chun cinn a dhéanamh ar phríomhshruthú an tionscnaimh agus ar phrionsabail agus chuir chuige an gheilleagair chiorclaigh sna straitéisí socheacnamaíocha náisiúnta agus forbartha críochoaí. I gcomhréir le conclúidí ón gComhairle agus tuarascáil ghrúpa MOC shaineolaithe Bhallstáit an Aontais maidir le infheistíocht a dhéanamh in ailtireacht agus i dtimpeallacht mhaireachtála ardchaighdeán do gach duine (2021), tá gníomhaíocht shonrach sa Chlár Oibre le haghaidh Cultúir 2023-2026 a glacadh le déanaí maidir le cur chun cinn thionscnamh NEB trí mhalartuithe líonra saineolaithe iar- MOC agus trí chruinnithe tráthrialta na Stiúrthóirí Eorpacha um Bheartais Ailtireachta (EDAP) chun smaoineamh ar thionscnaimh fhéideartha chun timpeallacht ardchaighdeán do gach duine a bhaint amach, lena n-áirítear dóibh siúd a chónaíonn in áiteanna tuaithe agus iargúlta, amhail na réigiúin is forimeallaí.

Thairis sin, i mí an Mheithimh 2022, ghlac an Chomhairle **Moladh ar Fhoghlaim ar mhaithe le hInbuanaitheacht Chomhshaoil**<sup>26</sup>. Le tagairt fhollasach do na gnéithe cultúrtha agus cruthaitheacha a thugann NEB do Chomhaontú Glas don Eoraip, molann sé infheistíocht i dtrealamh, acmhainní agus bonneagar glas agus inbuanaithe (foirgnimh, tailte agus teicneolaíocht) le haghaidh foghlama, sóisialaithe agus siamsaíochta chun timpeallachtaí foghlama sláintiúla agus athléimneacha a áirithiú.

I mí Mheán Fómhair 2022, ghlac **Parlaimint na hEorpa a tuarascáil maidir leis an Bauhaus Eorpach Nua**<sup>27</sup>. Léirítear le tuarascáil na Parlaiminte tacaíocht don tionscnamh agus éilítear léi go suntasach maoiniú níos láidre an tionscnaimh. Ghlac **Coiste Eacnamaíochta agus Sóisialta na hEorpa (CESE)**<sup>28</sup> chomh maith le **Coiste Eorpach na Réigiún (CnaR)**<sup>29</sup> tuairimí dearfacha.

#### 4.2 Beart de réir briathair á dhéanamh ag an gCoimisiún

Tá an Coimisiún Eorpach ag obair i dtreo tionscnaimh NEB a sholáthar freisin mar chuid dá straitéis réadmhaoine féin agus dá fhreagracht mar ghníomhaí tábhachtach sa cheathrú Eorpach sa Bhruiséil. Ó mhí Feabhra 2021, cuireann an Coimisiún straitéis réadmhaoine fhadtéarmach nua chun feidhme. Áirítear sa straitéis seo Teachtaireacht agus plean gníomhaíochta ón gCoimisiún maidir le **‘An Coimisiún a Ghlasú’**<sup>30</sup> ina n-ionchorpraítear prionsabail an Chomhaontaithe Ghlais chomh maith leis an taithí a fuarthas ón bpaindéim dhomhanda as a n- eascraíonn na bealaí nua hibrideacha oibre. Leis

<sup>24</sup> <https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/9f9acd60-8aec-11ec-8c40-01aa75ed71a1/language-en>

<sup>25</sup> <https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-14534-2021-INIT/en/pdf>

<sup>26</sup> <https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-9242-2022-INIT/en/pdf>

<sup>27</sup> [https://www.europarl.europa.eu/doceo/document/A-9-2022-0213\\_EN.html#\\_section2](https://www.europarl.europa.eu/doceo/document/A-9-2022-0213_EN.html#_section2)

<sup>28</sup> <https://www.eesc.europa.eu/en/our-work/opinions-information-reports/opinions/new-european-bauhaus>

<sup>29</sup> <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:52021R5640>

<sup>30</sup> [https://commission.europa.eu/about-european-commission/organisational-structure/people-first-modernising-european-commission/people-first-greening-european-commission\\_en](https://commission.europa.eu/about-european-commission/organisational-structure/people-first-modernising-european-commission/people-first-greening-european-commission_en)

an Teachtaireacht, tá treochlár á leagan amach ag an gCoimisiún don institiúid chun aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2030.

Is cuid den straitéis nua seo é an Bauhaus Eorpach Nua agus soláthraíonn sé bealach nua idirghníomhaíochta i gcaidreamh an Choimisiúin leis na comhpháirtithe áitiúla sa Bhruiséil ar leibhéal an réigiúin agus na cathrach araon, ós rud é go mbíonn rannpháirtíocht i lár ghníomhaíochtaí NEB i gcónaí. Mar shampla, d'éagraigh NEB ceardlann faoi chuimsiú fhorbairt an réigiúin sa Bhruiséil ar phlean nua don Cheathrú Eorpach, chun a fhiosrú cad iad na rudaí a bhfuil daoine eile sa chomharsanacht ag súil leo ó ghníomhaí poiblí ar nós an Choimisiúin.

Spreag NEB dearadh Lárionad nua Chuariteoirí an Choimisiúin i bhfoirgneamh Charlemagne inar úsáideadh ábhair chiorclacha agus inbhuanaithe agus inar cuireadh dearadh níos dírithe ar an duine chun feidhme.

Tá rún ag suíomh nua **Airmheán Comhphárteach Taighde an Choimisiúin Eorpaigh in Sevilla** a bheith ar an gcéad fhoirgneamh de chuid an Choimisiúin Eorpaigh atá bunaithe go hiomlán, óna cheapadh, ar chreat coincheapúil NEB<sup>31</sup>. Roghnaigh an Coimisiún Eorpach an dearadh coincheapa don suíomh atá beartaithe trí chomórtas ailtireachta idirnáisiúnta. Cumhdóidh an déantús suíomh iomlán JRC le scamall ceannbhrait gréine, ag foscadh an phláis, an ghairdín, agus an fhoirgnimh taighde faoina bhun, díreach cosúil leis na 'peargólaí' atá tipiciúil in Sevilla.



*RADHARC SRÁIDE © PLAYTIME*

Níl sna samplaí seo ach tús le cur chuige marthanach nua. I bhfianaise an stoic foirgnimh atá ann faoi láthair agus na tionscadail leanúnacha atá ag díriú ar an gCeathrú Eorpach, leanfar leis an athrú sna blianta amach romhainn.

## 5. Oideachas agus scileanna

Le linn chéim chomhchruthaithe NEB, thángthas ar an tuiscint shoiléir go bhfuil scileanna agus eolas rithábhachtach chun dlús a chur le clochlú ár sochaithe agus ár ngeilleagair agus chun iad siúd a chuireann an Comhaontú Glas don Eoraip chun cinn, ar leibhéal na mBallstát agus ar leibhéal an

<sup>31</sup> [https://new-european-bauhaus.europa.eu/new-european-bauhaus-inspired-future-jrc-site-seville\\_en](https://new-european-bauhaus.europa.eu/new-european-bauhaus-inspired-future-jrc-site-seville_en)

Aontais araon, a chumasú. D'fhorbair NEB roinnt tionscadal a bhaineann le scileanna agus le heolas agus leanfaidh an Coimisiún de bhéim a chur ar an earnáil sin – agus faoi chuimsiú Bhliain Eorpach na Scileanna in 2023 freisin. Mar a d'fhógair an tUachtarán von der Leyen ag comhdháil 'Bauhaus isteach sa choill' i mí na Samhna 2022, cuirfimid Acadamh NEB i bhfeidhm a chuirfidh oiliúint agus comhroinnt eolais ar fáil le béim ar dhéantús inbhuanaithe, ar ábhair bhithbhunaithe agus ar chiorclaíocht. Gheobhaidh an tionscadal tacaíocht le deontas 1 mhilliún Euro ón gComhghnóthas um Eoraip Chiorclach Bithbhunaithe.

Cheana féin, tá roinnt institiúidí oideachais ag moladh curaclam nua bunaithe ar luachanna NEB nó ag frúilíú taighdeoirí óga chun tionscadail a chur chun cinn ar tionscadail iad atá nasctha le NEB. D'oscail **Ollscoil Teicneolaíochta Delft** post do Thaighdeoir Sóisearach chun oibriú ar thionscadal theach solais NEB STAR. Scrúdaíonn scoláireacht PhD tiomnaithe a bhronn an Chomhairle um Thaighde in Éirinn ar thaighdeoir sa **Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath** acmhainneacht NEB maidir le haistriú díreach ísealcharbóin a chur chun cinn mar sprioc inmhianaithe i mbailte na hÉireann. Tugann tionscadail taighde breise atá bunaithe ar NEB i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, i gcomhar le húdaráis áitiúla agus leis an tionscal, aghaidh ar théamaí amhail an oidhreacht chultúrtha, athúsáid oiriúnaitheach foirgneamh folamh reiligiúnach, dearadh ísealcharbóin agus comharsanachtaí aeráid-díonacha a chomhdhearadh. Ar an dóigh chéanna, d'oscail **Ollscoil Eolaíochta agus Teicneolaíochta na hIorua** post le haghaidh PhD i dtaighde ealaíonta atá tiomnaithe do NEB. Tá **Comhlachas Eorpach na dTionscal Cruthaitheach** ag obair faoi láthair ar Mháistreacht Eorpach sna hEalaíona a léireodh prionsabail NEB. Is é is aidhm dóibh smaointe NEB a thabhairt do chuideachtaí móra faisin agus obair a dhéanamh ar an nuálaíocht ghlas agus dhigiteach. Is ábhar spéise é NEB anois in **eCAADe (Oideachas agus Taighde i nDearadh Ailtireachta Ríomhchuidithe na hEorpa)**, arb é an príomhphobal oideachais agus taighde na hEorpa é atá dírithe ar chlaochlú digiteach na hailtireachta. D'óstáil KU Leuven in Gent comhdháil bhliantúil na bliana seo agus tiomnaíodh í don ábhar 'Comhchruthú na todhchaí: cuimsitheacht trí bhíthin an dearaidh agus ann féin' agus áirítear leis seisiún tiomanta maidir le NEB<sup>32</sup>. Tá NEB ag iompú de réir a chéile ina dhlúthchuid de chlár oibre an oideachais ailtireachta san Eoraip. Bhí **comhdháil bhliantúil na bliana seo den Chumann Eorpach um Oideachas Ailtireachta (CET)** faoin teideal 'I dtreo Bauhaus Eorpach Nua'<sup>33</sup> im Maidrid tiomanta go hiomlán don ghluaiseacht. Is iad athrú aeráide a chomhrac agus aghaidh a thabhairt ar spriocanna forbartha inbhuanaithe atá ag stiúradh na díospóireachta acadúla maidir leis an oideachas agus leis an ngairm anois. Chomh maith leis sin, oibríonn an tionscadal saotharlainne NEB **Téann Bauhaus ó Dheas** ar fhorbairt curaclaim NEB sna hollscoileanna.

In earrach 2022, sheol Saotharlann NEB glao ar **Chlaochlú ar Áiteanna Foghlama**. Is é is aidhm don ghlaob bealaí nua a chur chun cinn chun maireachtáil le chéile gan dochar breise a dhéanamh dár gcomhshaol, tionscadail bheaga a dhéanamh níos feiceálaí mar chuid den tionscnamh Bauhaus Eorpach Nua agus líonra trasnáisiúnta de thionscnóirí tionscadail agus de chomhpháirtithe ionchasacha atá ar aon intinn a chruthú. Chuige sin, ní hamháin go bhfuil gá le múineadh na chéad ghlúine eile chun an bhithéagsúlacht a urramú agus a chosaint, ach mar aon leis sin a bheith réidh le nósanna díobhálach a bhriseadh agus ár meon féin a athrú. Tá ról tábhachtach ag ár n-institiúidí oideachais ina leith sin. Is é is aidhm don ghlaob tionscnaimh a nascadh a dhéanann difear don áit agus don chaoi a bhfoghlaímíonn daoine – ó sheomraí ranga go sráideanna, clóis súgartha, agus

<sup>32</sup> <https://kuleuven.ecaade2022.be/>


<sup>33</sup> [Home — CET \(eaaemadrid2022.es\)](https://www.ecaade2022.es/)

leabharlanna<sup>34</sup>. Seoladh an glao in éineacht leis an Oideachas le haghaidh Comhghuaillíocht Aeráide i mí Feabhra 2022 agus dúnadh é ag deireadh 2022<sup>35</sup>. Shlóg sé breis agus 190 rannpháirtí ó gach cearn den Aontas agus lasmuigh de, lena n-áirítear rannpháirtithe ó Mheicsiceo, ón Tuirc agus ón Úcráin. Tá na tionscadail an-éagsúil ó thaobh scála agus cineáil de, ó ollscoileanna atá ag iarraidh páirt a thabhairt do mhic léinn in athchóiriú a gcampas go dtí ealaíontóirí a chuireann ceardlanna ar oideachas aeráide do leanaí ar bun.

Ceann de na tionscadail a cuireadh isteach ag an nglao, ‘**An scoil do na dídeanaithe**’ tá sé ina chuid de thionscadal Polannach „Otwieramy SZKOŁY” (GA: Táimid ag oscailt na scoileanna) – sraith gníomhartha sóisialta atá dírithe ar fhadhbanna reatha oideachais a réiteach trí dhearadh<sup>36</sup>. Is é is aidhm dóibh leanaí dídeanaithe ón Úcráin a thabhairt ar ais don mhothúsábháilteacht agus muintearas. I mí Dheireadh Fómhair 2022, thug Céadbhean na hÚcráine, Olena Zelenska, cuairt ar an scoil agus bronnadh duais uirthi ag taispeántas Chumann Ailtirí na Polainne mar thionscadal a fhreagraíonn do dhúshláin ghéarchéime, mar aon le réitigh amhail an Córas Deighilte Páipéir ón ailtire Seapánach Shigeru Ban (féach freisin Saotharlann NEB ar ‘Gníomhaíochtaí don Úcráin’).

## 6. Pobal méadaitheach de lucht tacaíochta agus lucht feidhmithe

Le raon leathan de roinnt milliún duine ar fud an Aontais, d’fhorbair NEB ina ghluaiseacht ina bhfuil acmhainneacht ollmhór inti fás a dhéanamh fós. Ní hamháin go raibh ról ag an bpobal seo maidir le teachtaireachtaí a mhéadú i ndáil le NEB, ach mar aon leis sin chun eolas a aistriú go dtí an pobal agus chun réitigh a fhorbairt le chéile. Tagann eagraíochtaí áitiúla agus idirnáisiúnta ar fud na hEorpa, i réimsí amhail cultúr, oideachas, ailtireacht, oidhreacht, foraoiseacht, tógáil agus tithíocht, nó faisean, i measc roinnt mhaith eagraíochtaí eile, le chéile chun a gcuid oibre a chur i láthair agus bealaí a fhiosrú maidir le hiarrachtaí a chomhcheangal. Is féidir le líonra eagraíochtaí atá ar aon intinn ó réimsí, tionscnaimh agus méideanna éagsúla clár oibre a bhogadh ar aghaidh níos tapúla ná eintitis ar leith amháin.



### 6.1 Comhpháirtithe

Is eagraíochtaí neamhbhrabúis iad na comhpháirtithe, lena n-áirítear eagraíochtaí neamhrialtasacha, fondúireachtaí, agus eintitis oideachais agus taighde amhail ollscoileanna agus scoileanna ardoideachais. Ón tús, tá Comhpháirtithe ag feidhmiú mar bhoinn braite agus mar ambasadóirí don tionscnamh. Bhí siad ina ngníomhaithe faoi phribhléid i bpróiseas comhchruthaithe NEB. Le himeacht ama, tugadh cuireadh dóibh rannchuidiú le huirlisí tábhachtacha an tionscnaimh a mhúnlú, amhail

<sup>34</sup> [https://europa.eu/new-european-bauhaus/get-inspired/inspiring-projects-and-ideas/neb-lab-transformation-places-learning\\_en](https://europa.eu/new-european-bauhaus/get-inspired/inspiring-projects-and-ideas/neb-lab-transformation-places-learning_en)


<sup>35</sup> <https://education-for-climate.ec.europa.eu/en>

<sup>36</sup> <https://otwieramyszkoly.pl/>



Saotharlann NEB áit a bhfuil Comhpháirtithe i gceannas ar roinnt tionscadal NEB a bhfuil tosaíochtaí téamacha éagsúla acu. Bhí baint acu freisin le Compás NEB a dhearadh (féach larscríbhinn) agus le himeachtaí tábhachtacha amhail Féile NEB.

Tagann eagraíochtaí comhpháirtíochta ó gach Ballstát agus téann siad i dteagmháil leis na milliúin duine. Chuaigh roinnt eintiteas ó thíortha nach Ballstáit den Aontas iad, amhail an Úcráin, na Stáit Aontaithe agus an Tuirc isteach sa líonra freisin. Déanann cuid de na Comhpháirtithe ionadaíocht ar líonraí móra, agus is tionscnaimh phobail iad cuid eile. Ó foilsíodh an Teachtaireacht maidir leis an Bauhaus Eorpach Nua i mí Mheán Fómhair 2021, tá méadú faoi dhó tagtha ar líon na gComhpháirtithe.




I dtíortha amhail an Bheilg, an Ghearmáin, an Spáinn agus an Iodáil, tá an líonra d’eagraíochtaí comhpháirtíochta NEB i ndiaidh leathnú níos tapúla ná réigiúin eile san Eoraip. Is líonraí Eorpacha iad roinnt mhaith Comhpháirtithe atá bunaithe sa Bheilg.

Measann NEB go bhfuil sé ar cheann de na cúraimí tábhachtacha atá air láithreach a mhéadú i réigiúin agus i dtíortha, lena n-áirítear i gceantair thuaithe<sup>38</sup>, áit nach bhfeiceann muid ach méid beag gníomhaíocht Chomhpháirtí NEB go dtí seo. Má bhíonn níos lú Comhpháirtithe ann, ní chiallaíonn sé sin go huathoibríoch níos lú gníomhaíochta NEB. Tá Ballstáit ann freisin ina bhfuil an-tóir ar NEB, ach níl ach roinnt eagraíochtaí comhpháirtíochta againn, amhail an Eastóin.

<sup>37</sup> Cuireadh an glao oscailte chun iarratas a dhéanamh mar Chomhpháirtí ar fionraí go sealadach le linn an tsamhraidh in 2021 agus 2022.

<sup>38</sup> Is féidir sineirgí a phlé, mar shampla, le Pobal an Chomhshocraithe Thuaithe, a cruthaíodh faoin bhFís Fhadtéarmach le haghaidh Cheantair Thuaithe an Aontais, ina bhfuil breis agus 1,200 comhalta ó cheantair thuaithe ar fud na hEorpa: [https://rural-vision.europa.eu/index\\_en](https://rural-vision.europa.eu/index_en)

Tíortha tionscnaimh Chomhpháirtithe NEB (09/10/2022)



Ní hamháin gur chruthaigh NEB a ghluaiseacht féin, ach spreag sé daoine eile a bheith ag obair le chéile faoi luachanna NEB. Mar shampla, sheol earnáil adhmaid- bhunaithe na hEorpa **Wood4Bauhaus**<sup>39</sup>, ardán oscailte chun teagmháil a dhéanamh leis an tionscal tógála agus leis na páirtithe leasmhara uile a bhfuil baint acu leis. Is sampla eile é an **Chomhghuaillíocht Faisin Eorpach** a bunaíodh le déanaí<sup>40</sup> de thionscnaimh trasnáisiúnta a fuair ionspioráid ó NEB. Le linn cruinniú mullaigh faisin dhá lá sa Ghearmáin i mí an Mhárta 2022, thug Chomhpháirtí NEB **Comhairle Faisean na Gearmáine** na príomheagraíochtaí faisin Eorpacha le chéile chun comhghuaillíocht athraithe a bhunú do thodhchaí an fhaisin Eorpaigh le béim ar an inbhuanaitheacht agus ar an gcruthaitheacht. Chuaigh 25 eagraíocht faisin Eorpacha isteach sa chomhghuaillíocht agus é mar aidhm acu éiceachóras faisin Eorpaigh rathúil, inbhuanaithe agus ionchuimsitheach a chothú.

Tá Comhpháirtithe NEB ag cur claochluithe inlámhsithe i bhfeidhm ar an talamh i suíomhanna áitiúla eile freisin. Sheol an Lárionaid Innealtóireachta agus Forbartha **gluaiseacht NEBbyAYR**<sup>41</sup> i gcathair Matosinhos (an Phortaingéil). Tugann an Lárionad rannpháirt do na glúnta óga ó thús an bhunsmaoinimh go dtí réitigh uirbeacha nuálacha a dhearadh, a fhréamhshamhaltú agus a chur in úsáid, agus bhuaigh sé duais NEB 2021.

Sa Spáinn, baineann **Seirbhís Sláinte na Gailíse** úsáid as insint NEB agus as a stádas mar Chomhpháirtí oifigiúil NEB chun a bheith ina ceannaire ar thionscadal ar fud an réigiúin lena shamhlaítear go mbeidh an earnáil sláinte ina ceann feadhna ar chlaochlú cultúrtha agus sóisialta bunaithe ar an inbhuanaitheacht. Sa Fhrainc, tá sé d’aidhm ag **gluaiseacht Unisson/na Unisson**<sup>42</sup> sruth ailtireachta nua idirdhisciplíneach a chur i bhfeidhm i spiorad NEB leis an aidhm go spreagfaí fonn comhchoiteann cleachtais a athrú i dtreo Ailtireacht Ísealcharbóin agus Orgánach. Tá tús curtha ag roinnt Comhpháirtithe Ollannacha NEB, in éineacht le dearthóirí Úcránacha san Ísiltír, le **líonra deartha spásúil chun an Úcráin a atógáil**<sup>43</sup>. Díríonn an líonra ar fhorbairt acmhainní, i bhfoirm meaitseáil poist do mhuintir na hÚcráine, léachtaí, comhdhálacha, cruinnithe agus cuairteanna stiúideo.

<sup>39</sup> <https://wood4bauhaus.eu/>

<sup>40</sup> <https://www.europeanfashionalliance.org/>

<sup>41</sup> <https://www.ceiia.com/ayr>

<sup>42</sup> <https://www.construction21.org/france/data/sources/users/19148/20220810143309-mouvement-unissons---manifeste-anglais.pdf>

<sup>43</sup> <https://unun.nu/>

## 6.2 Cairde

A luaithe a bunaíodh bunús an phobail, ba léir go mbainfeadh NEB tairbhe as ról níos gníomhaí a thabhairt d'údarais ghnó agus d'údarais phoiblí, is é sin sna réigiúin agus sna cathracha. Dá bhrí sin, in earrach 2022, osclaíodh glao buan nua do Chairde an Bauhaus Eorpach Nua. Tá breis agus 80 Cara tar éis dul isteach sa líonra ó shin i leith. Sa phobal, tá ról ríthábhachtach ag Cairde. Is féidir leo iad féin a chur chun cinn mar óstaigh nó mar urraitheoirí do thionscadail NEB: maoiníonn siad nó cuireann siad fáilte roimh thionscadail ina gcathair nó ina réigiún agus cuidíonn siad leis na tionscadail a chur i bhfeidhm.

Chuir an dearadh comhchoiteann **Arup**, mar shampla, cúnamh ar fáil do Chomhpháirtithe NEB **Concomitentes** chun obair a dhéanamh ar thionscadal maidir le cleachtais ealaíona agus chultúrtha atá dírithe ar an inbhuanaitheacht agus ar rannpháirtíocht na saoránach. Sheol **Drees&Sommers**, gníomhaí mór san earnáil réadmhaoine, an tionscnamh 'Atógáil na hEorpa' a bhfuil pobal mór gnó bainteach leis. I sraith ceardlann, déanann meascán de chorparáidí, infheisteoirí, cuideachtaí réadmhaoine, ailtirí, innealtóirí, bardais agus cónaitheoirí iniúchadh ar réitigh trína suitear an Eoraip mar cheannaire agus mar nuálaí i réimsí na hinbhuanaitheachta, an digitithe agus na hullmhachta.

Cuireann cairde chucu freisin pobail áitiúla na bpáirtithe leasmhara a bhailiú agus a chur i ngníomh, mar shampla cruinnithe bricfeasta, amhail iad siúd a d'eagraigh Cairde NEB na Fionlainne **Maptionnaire** chun ardán a chruthú do pháirtithe leasmhara NEB na Fionlainne d'fhonn malartú a dhéanamh ar chleachtais rannpháirtíochta pobail<sup>44</sup>.

Is é is aidhm do NEB athrú inlámhsithe a chruthú ar an talamh agus tá roinnt mhaith den athrú sin ag tarlú i suíomhanna áitiúla agus réigiúnacha. Dá bhrí sin, tá ról lárnach ag limistéir thuaithe, ag cathracha agus ag réigiúin a mhéid a bhaineann le rochtain níos fearr a thabhairt do NEB agus maidir le saoránaigh a bheith rannpháirteach i bpróiseas an chlaochlaithe. I measc na n-eintiteas poiblí a tháinig isteach i bPobal na gCairde NEB tá **Cúige Féinrialaitheach Bolzano**, comhordaitheoir tionscadail ar thionscadal Sléibhte Saotharlann NEB chomh maith le **Réigiún Hauts- de- France**, lena gcuirtear chun feidhme an Tionscnamh Uirbeach Eorpach (EUI)<sup>45</sup> faoin mBeartas Comhtháthaithe. Tá sé ríthábhachtach go mbeidh níos mó réigiún agus gníomhaithe áitiúla ina gCairde chun tionscadail áitiúla NEB a scaipeadh ar fud na hEorpa agus chun borradh a chur faoi phobail áitiúla NEB.

Tá raon geografach na gCairde cosúil le raon geografach na gComhpháirtithe. Tá leath na gCairde lonnaithe i gceithre Bhallstát (an Ghearmáin, an Spáinn, an Fhrainc agus an Iodáil). Tá roinnt mhaith Cairde gníomhach san ailtireacht, sa dearadh and san fhorbairt uirbeach. Dúshlán le dul i ngleic leis go luath is ea raon geografach na gCairde a éagsúlú agus an pobal a mhéadú chun níos mó eintiteas a áireamh ar an leibhéal áitiúil agus réigiúnach chomh maith leo siúd a bhfuil baint acu leis an óige, leis an ionchuimsiú, leis na healaíona agus leis an gcultúr. Forbróidh NEB formáidí maidir le malartú agus líonrú níos gníomhaí i measc chomhaltaí an phobail freisin.

## 6.3 Cruinniú Comhchéime Ardleibhéil

Ó ceapadh é agus an bealach ar fad go dtí céim an tseachadta, tá an tionscnamh i ndiaidh tairbhe mhór a bhaint as ionchur na 19 gcomhalta den chruinniú comhchéime ardleibhéil (HLRT) arb é is cuspóir dóibh an tionscnamh a chur chun cinn lasmuigh de raon feidhme ionstraimí beartais an Aontais<sup>46</sup>.

<sup>44</sup> [https://new-european-bauhaus.europa.eu/get-involved/events/independent-event-building-better-places-people-examples-efficient-stakeholder-engagement-and-2022-10-13\\_en](https://new-european-bauhaus.europa.eu/get-involved/events/independent-event-building-better-places-people-examples-efficient-stakeholder-engagement-and-2022-10-13_en)

<sup>45</sup> [Tionscnamh Uirbeach Eorpach | EUI \(urban-initiative.eu\)](https://urban-initiative.eu)

<sup>46</sup> [https://new-european-bauhaus.europa.eu/about/high-level-roundtable\\_en](https://new-european-bauhaus.europa.eu/about/high-level-roundtable_en)

Cuireann a gconairí cultúrtha agus geografacha éagsúla ón Eoraip, ón Áise agus ón Afraic peirspictíochtaí luachmhara le NEB. Comhlíonann na Comhaltaí ról agus tascanna éagsúla: mar ghrúpa, rannchuidigh siad le tuarascáil chuig céim chomhchruthaitheach NEB agus bhí ról tábhachtach acu freisin i ndrúchtú na Teachtaireachta maidir leis an Bauhaus Eorpach Nua i mí Mheán Fómhair 2021. Feidhmíonn siad mar bhonn braite d’Uachtarán an Choimisiúin agus do na Coimisinéirí chun smaointe a thástáil agus chun an tionscnamh a chur ar aghaidh.

Mar dhaoine aonair, gníomhaíonn na Comhaltaí mar Ambasadóirí NEB ina dtíortha agus ina bpobail agus glacann siad páirt i ngníomhaíochtaí agus in imeachtaí NEB amhail Féile NEB 2022, agus bíonn roinnt mhaith comhaltaí rannpháirteach go gníomhach mar chainteoirí nó maidir le himeachtaí tánaisteacha a eagrú. Glacann Comhaltaí HLRT páirt ghníomhach i dtionscadail Saotharlainne NEB freisin. Le déanaí, thosaigh siad ag seoladh a gcuid meithleacha féin laistigh de phobal NEB. Mar shampla, forbraíonn Pia Maier Schriever gné áilleachta NEB tuilleadh le grúpa saineolaithe ó chúirí éagsúla.



*Comhaltaí Cruinniú Comhchéime Ardleibhéil leis an Uachtarán Ursula von der Leyen, an Coimisinéir Mariya Gabriel agus an Coimisinéir Elisa Ferreira. © An tAontas Eorpach 2021*

#### 6.4 Pointí Teagmhála Náisiúnta

D’fhonn iarrachtaí ar an leibhéal náisiúnta timpeall an tionscnaimh a nascadh agus a chomhordú tuilleadh, d’ainmnigh na Ballstáit uile pointí teagmhála náisiúnta NEB (NCPanna). Bailíonn na NCPanna faisnéis faoi fhorbairtí ábhartha ar an gcríoch náisiúnta agus glacann siad páirt i líonra neamhfhoirmiúil ar fud an Aontais chun faisnéis agus taithí a mhalartú. Tá siad ríthábhachtach chun faisnéis faoi NEB a scaipeadh sna Ballstáit.

Cuireadh an ról nua seo de chúram ar chineálacha éagsúla eintiteas – ó ghníomhaireachtaí nuálaíochta náisiúnta agus lárionaid náisiúnta ailtireachta go hAireachtaí Cultúir agus Spóirt, Aireachtaí Comhshaoil agus Fuinnimh agus Aireacht Gnóthaí Baile. Léiríonn an éagsúlacht institiúideach sin go maith gnéithe trasdisciplíneacha trasearnálacha an tionscnaimh agus cuireann sí leis na malartuithe ar fud an líonra. Tagann na NCPanna le chéile go tráthrialta ar líne agus uair amháin faoi gach

Uachtaránacht sa Bhallstát faoi seach. I ndiaidh an chéad chruinnithe rathúil i bPáras, tionólfar an chéad chruinniú eile in Malmö faoi Uachtaránacht na Sualainne i mí an Mheithimh 2023. Áireofar le hUachtaránacht na Sualainne freisin ócáid NEB ag an imeacht beartais is mó sa tír don chultúr “Daoine agus cultúr”. Faoi Uachtaránacht na Seice, reáchtáladh roinnt imeachtaí NEB, lena n-áirítear dhá imeacht in Brno.



*Pointí Teagmhála Náisiúnta NEB. © An tAontas Eorpach 2021*

## 7. Saotharlann NEB

Is é Saotharlann NEB ‘meitheal mhachnaimh agus birt’ an tionscnaimh, chun comhchruthú, fréamhshamhaltú, agus tástáil a dhéanamh ar na huirlisí, na réitigh agus na gníomhaíochtaí beartais a éascóidh na claochluithe inmhianaithe ar an talamh.

Is é an Coimisiún nó cuibhreannais de chomhaltaí éagsúla de Phobal NEB a mholann agus a stiúránn tionscadail Saotharlainne NEB<sup>47</sup>. Ní mór do chomhpháirtíochtaí tionscadail réimse disciplíní, inniúlachtaí ábhartha a chomhcheangal agus ní mór dóibh rannpháirtithe ó Bhallstáit éagsúla an Aontais a chur san áireamh. Tá coinne leis go dtionscnóidh na tionscadail próiseas athraithe agus go ndéanfaidh a dtorthaí eolas do cheapadh beartais, go gcuirfidh siad deiseanna foghlama foins

<sup>47</sup> Maidir le tionscadail a bhfuil sé d’aidhm acu dul isteach i Saotharlann NEB is féidir le Comhpháirtithe NEB, comhaltaí ardleibhéil comhchéime, buaiteoirí Dhuaiseanna NEB agus buaiteoirí na n-iomaitheoirí ceannais, NCPanna NEB agus tairbhíthe glaonna cistiúcháin an Aontais atá tiomnaithe do NEB. Is féidir le Cairde NEB smaoineamh nó togra a mholadh agus cur le tionscadail mar óstaigh nó mar urraitheoirí ach níl sé de cheart acu tionscadal a mholadh.

oscailte ar fáil do chomhaltaí de Phobal NEB agus go mbeifear in ann iad a thástáil agus a mhacasamhlú i gcomhthéacsanna éagsúla.

Níl cistiú á chur ar fáil go díreach ag an Saotharlann ach tacaíonn sí le teacht in aibíocht na dtionscadal agus éascaíonn sí na naisc le páirtithe a bhféadfadh suim a bheith acu (seirbhísí an Choimisiúin, údaráis réigiúnacha nó áitiúla, gnólachtaí, saíneolaithe, etc.).

Ó mhí na Samhna 2022 i leith, tagann Saotharlann NEB chun cinn i gcúig thionscadal faoi stiúir an Choimisiúin agus i dtrí thionscadal faoi stiúir an Phobail.



*Tionscadail Saotharlainne NEB. © An tAontas Eorpach 2022*

## 7.1 Tionscadail faoi stiúir an Choimisiúin

Cinneadh na tionscadail faoi stiúir an Choimisiúin ar bhonn thoradh na céime comhchruthaithe. D'aithin an pobal cistiú, rialáil, scileanna/oideachas agus lipéadú mar chumasóirí tábhachtacha chun an timpeallacht thógtha a athrú ó bhonn agus chun tionscadail NEB a chur chun feidhme.

I measc na dtionscadal faoi stiúir an Choimisiúin, dírtear sa chaibidil seo ar thrí thionscnamh a bhfuil aschuir curtha ar fáil acu cheana in 2022: an Straitéis Lipéadaithe – tionscadal chun uirlisí a fhorbairt chun tréithriú agus aitheantas a thabhairt do na gnéithe a fhágann gur tionscnaimh shonracha 'NEB' iad, tionscadal ar Réitigh Cistithe Nuálacha, agus tionscadal chun cuidiú le dul i ngleic leis an staid éigeandála san Úcráin<sup>48</sup>. Cuireadh an tionscadal maidir leis an Úcráin leis an Saotharlann tar éis thús ionsaí na Rúise agus cuireann sé in iúl go bhfuil pobal NEB ullamh chun tacú leis an Úcráin.

Forbraíodh an **Straitéis Lipéadaithe** chun soiléiriú a dhéanamh ar na critéir ghinearálta a bhaineann le tionscadail agus tionscnaimh NEB a roghnú agus a mheas<sup>49</sup>. Cuirtear an straitéis lipéadaithe sin i gcrích faoi chuimsiú an Réamhbhírt ar 'Ardán Bainistíochta Eolais NEB' ó Pharlaimint na hEorpa. Tá dhá leibhéal sa Straitéis Lipéadaithe: ar an gcéad dul síos, an Compás NEB, creat-doiciméad ina dtugtar

<sup>48</sup> I gCaibidil 5 'Oideachas agus scileanna' agus san 'Achoimre Feidhmiúcháin', faoi seach, tagraítear do dhá thionscadal bhreise ina mbreathnaítear ar athrú ó bhonn ar áiteanna foghlama agus ar anailís ar an gcreat rialála.

<sup>49</sup> [https://europa.eu/new-european-bauhaus/get-inspired/inspiring-projects-and-ideas/neb-lab-labelling-strategy\\_en](https://europa.eu/new-european-bauhaus/get-inspired/inspiring-projects-and-ideas/neb-lab-labelling-strategy_en)

sainmhíthe níos soiléire ar na trí luach NEB agus ar phrionsabail NEB ar féidir iad a úsáid le haghaidh tionscadail ó earnálacha éagsúla(); ar an dara dul síos, critéir mhionsonraithe le haghaidh grúpaí sonracha tionscadal e.g. an comhshaol thógtha nó teicstílí.

Foilsítear an **Compás Bauhaus Eorpach Nua**<sup>50</sup> mar iarscríbhinn a ghabhann leis an tuarascáil seo. Sainítear ann na leibhéil uailmhéine do thionscnaimh atá ag tús a dtionscadail agus soláthraíonn sé creat treorach inlámhsithe, fíor-rannpháirteach agus trasdisciplíneach do chinnteoirí ar mian leo fealsúnacht NEB a chur i bhfeidhm ina gcríoch. Ní hamháin go gcuirtear san áireamh sa Chompás an litríocht a tháinig chun cinn le déanaí maidir le gach ceann de luachanna agus de phrionsabail NEB, ach cuirtear san áireamh freisin an úsáid a bhaintear astu i gcláir, i bhfoilseacháin agus i ngealltanais eile den Aontas amhail an Tuarascáil maidir le Modhanna Oscailte Comhordúcháin (MOC) ‘1 dtreo cultúr comhroinnte ailtireachta: Infheistíocht a dhéanamh i dtimpeallacht mhaireachtála ardcháilíochta do chách’<sup>51</sup>, Dearbhú Davos, nó roinnt mhaith colún den Chomhshocrú Glas don Eoraip, go háirithe an Rabharta Athchóiriúcháin. Comhlánaítear na sainmhíthe le samplaí, le prionsabail threoracha agus le huirlisí measúnaithe. Tá sé d’aidhm ag Compás NEB freisin forbairt beartais phoiblí agus tionscnamh maoinithe a bhaineann le NEB a éascú, ar leibhéal an Aontais agus sna Ballstáit araon.

Forbrófar creataí meastóireachta níos sonraí bunaithe ar an gCompás sna blianta amach romhainn. Ar an gcéad dul síos, forbrófar critéir d’fhoirgnimh agus don timpeallacht thógtha lena gcuirfear san áireamh trí ghné NEB: inbhuanaitheacht, áilleacht agus cuimsiú. Mar dhara céim, díreoidh ár gcuid oibre ar earnáil na dteicstílí. Déanfar na lipéid NEB sin a fhorbairt a bheidh idirnasctha go dlúth le creataí atá ann cheana amhail LEIBHÉIL nó an lipéad teicstíle inbhuanaithe. Ba cheart go soláthrófaí na chéad torthaí roimh dheireadh shainordú an Choimisiúin atá ann faoi láthair.

Sa bhliain 2022 tugadh chun críche an chéad chéim den tionscadal Saotharlainne NEB **Réitigh Chistiúcháin Nuálach**. Is é is aidhm don tionscadal seo tacaíocht airgeadais a thabhairt do thairbhíthe beaga san Eoraip a bhíonn ag streachailt chun rochtain a fháil ar na bealaí caighdeánacha chistiú an Aontais, a bhíonn casta go minic, trí ghlaonna agus chlár an Aontais. In 2023, déanfar forbairt ar chlár pólótach ar a dtugtar an **Mol Réitigh Cistiúcháin NEB** lena gcuimseofar daonchairdeas agus slua-chistiú araon. Bheadh an Mol ina ionad ilfhreastail do dhaonchairde agus do thionscnóirí tionscadail araon, rud a thabharfadh éifeachtúlachtaí agus fócas níos fearr don earnáil.

Tar éis ionsaí na Rúise, forbraíodh tionscadal Saotharlainne NEB **Gníomhartha don Úcráin**. Mar chuid d’éiceachóras de chlár Eorpacha atá dírithe ar chuidiú a thabhairt don Úcráin, ba é ról NEB ar an gcéad dul síos tionscnaimh éagsúla atá ar siúl a nascadh, agus úsáid á baint arís as neart agus intleacht chomhchoiteann a líonra. Faoi Shaotharlann NEB agus i gcomhar le Comhpháirtithe na hÚcráine, forbraíodh an tionscadal le trí ais tosaíochta: seimineáir ghréasáin maidir le héigeandáil tithíochta, tithíocht chiorclach, agus fothú acmhainneachta.

Mar chéad ghníomh pólótach, tá an ‘Córas Deighilte Páipéir’, curtha chun feidhme ag comhaltaí HLRT, Shigeru Ban (an tSeapáin), Hubert Trammer (an Pholainn) agus Mária Beťačková Rišková (an tSlóvaic) in éineacht le Comhpháirtithe NEB, réiteach atá simplí ach éifeachtúil chun príobháideachas pearsanta

---

<sup>50</sup> Tá an doiciméadacht foriomlán maidir leis an gCompás ceangailte leis an tuarascáil seo agus is féidir teacht air anseo freisin: [https://new-european-bauhaus.europa.eu/document/405245f4-6859-4090-b145-1db88f91596d\\_en](https://new-european-bauhaus.europa.eu/document/405245f4-6859-4090-b145-1db88f91596d_en)

<sup>51</sup> <https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/bd7cba7e-2680-11ec-bd8e-01aa75ed71a1/language-en> .

a mhéadú i lárionaid chóiríochta (e.g. foirgnimh phoiblí nó ionaid spóirt) a chuireann lóistí ar fáil do dhaoine ar lorg dídine ar bhonn sealadach.

Mar chéad chéim eile, leanfaidh Saotharlann NEB maidir leis an Úcráin ar aghaidh le fothú acmhainneachta laistigh de bhordais áitiúla i gcomhar lena páirtithe leasmhara. Léiríodh sna chéad mheasúnuithe saineolacha ar na tosaíochtaí is práinní nach mór aghaidh a thabhairt orthu go bhfuil éileamh ann maidir le heolas agus saineolas a mhalartú agus a oiriúnú e.g. ar mhaithe le hatógáil inbhuanaithe, éifeachtúlacht fuinnimh, ach mar aon leis sin próisis rannpháirtíochta agus pleanáil uirbeach. In earrach 2023, seolfar sraith seimineár gréasáin do bhordais san Úcráin maidir le gnéithe éagsúla den atógáil.

Chomh maith leis na tionscadail faoi stiúir an Choimisiúin, tá trí thionscadal Saotharlainne NEB á dtreorú ag Pobal NEB. Sna tionscadail sin, déanann comhaltaí Phobal NEB féin-eagrú chun athrú a bhaint amach in áiteanna nó i gcomhthéacsanna sonracha.

## 7.2 Tionscadail faoi stiúir an phobail

- **Téann NEB ó dheas**<sup>52</sup>, tionscadal a thionscain sé scoil ailtireachta i nDeisceart na hEorpa (Porto, Valencia, Toulouse, Bologna, Zagreb, an Aithin). Tá díospóireacht á déanamh trí bhíthin an tionscnaimh ar na fadhbanna agus na freagairtí sonracha atá os comhair réigiúin Dheisceart na hEorpa maidir leis na géarchéimeanna comhshaoil agus sochaíocha agus spreagtar leis athruithe curaclam lenar féidir cultúr gairmiúil nua a chur chun cinn trína gcothófar timpeallacht thógtha níos inbhuanaithe i gcomhréir le luachanna NEB.
- Tá sé d'aidhm ag an **Bauhaus Nordach neodrach ó thaobh carbóin de**<sup>53</sup> cumhacht na cruthaitheachta a scaoileadh chun gur féidir leis timpeallacht thógtha agus cathracha na todhchaí a shamhlú. Tá sé á thionscnamh ag rialtais cúig thír Nordacha (an Danmhairg – agus an réigiún féinrialaitheach na hOileáin Fharó, an Fhionlainn, an tSualainn, an Íoslainn agus an Iorua). I mí na Samhna 2022, chuaigh an Eastóin isteach sa Bauhaus Nordach.
- Tá sé d'aidhm ag **Bauhaus Eorpach Nua na Sléibhte**<sup>54</sup> NEB a chur chun feidhme ar an leibhéal réigiúnach, le béim ar leith ar an Tioról Theas. Tá an tionscadal ag spreagadh claoclú ar áiteanna, ar spásanna poiblí agus ar fhoirgnimh sna sléibhte.

Cuirfear tionscadail bhreise arna dtionscnamh ag an bPobal NEB isteach i Saotharlann NEB go luath in 2023. Moltar rannpháirtíocht d'eintitis ó na Ballstáit a bhfuil tearcionadaíocht á déanamh orthu, go dtí seo, i dtionscadal Saotharlainne NEB.

---

<sup>52</sup> <https://www.up.pt/neb-goes-south/>

<sup>53</sup> <https://www.nordicbauhaus.eu/#/page=1>

<sup>54</sup> <http://mountainbauhaus.eu/>



## 8. Duaiseanna Bauhaus Eorpach Nua 2021 agus 2022

Is bealach speisialta iad Duaiseanna NEB chun tacú le tionscnaimh ar an talamh. Cruthaíodh iad chun éachtaí atá bainte amach cheana féin a aithint agus a cheiliúradh agus chun tacú leis na glúnta óga tuilleadh forbartha a dhéanamh ar choincheapa agus ar smaointe atá ag teacht chun cinn. Tugann siad infheictheacht do shamplaí agus do choincheapa a léiríonn go bhfuil áiteanna áille, inbhuanaithe, ionchuimsitheacha inár gcríocha, inár bpobail agus inár gcleachtais, rud a réitíonn an bealach don todhchaí.



*Aibhneacha Shóifia © An tAontas Eorpach 2022*



*The Blue Economy Happy School Skabrnja, an Chróit © An tAontas Eorpach 2022*

Tá an dá eagrán de dhuaiseanna NEB in 2021 agus 2022 (níos mó ná 3 000 iarratas faighte san iomlán) ar na gnéithe is infheicthe agus is inláimhsithe den tionscnamh go dtí seo<sup>55</sup>. Léiríonn Duaiseanna NEB tionscadail agus smaointe atá ailínithe le prionsabail NEB agus a bhfuil tionchar acu ar phobail áitiúla i réigiúin ar fud an Aontais, lena n-áirítear i gceantair thuaithe. Bhronn an dá eagrán de Dhuaiseanna NEB duais airgid fhoriomláin EUR 795 000 ar 38 mbuaiteoir. Bhronn an dá eagrán duaiseanna ar thionscadail chríochnaithe, Gradaim NEB, chomh maith le coincheapa agus smaointe ag daoine óga atá 30 bliain d’aois nó níos óige, Réaltaí Óga Bauhaus Eorpach Nua. In 2022, rinneadh coincheap na nDuaiseanna a ailíniú leis na príomhaiseanna téamacha a d’eascair as céim deartha NEB mar a shainmhínítear iad i dTeachtaireacht NEB – Athnascadh leis an dúlra; Braistint muintearais a fháil ar ais; Tosaíocht a thabhairt do na háiteanna agus do na daoine is mó a bhfuil gá acu leis; An gá atá le smaointeoireacht fhadtéarmach, saolré san éiceachóras tionsclaíoch. Spreag sé ionadaíocht chothrom gheografach i measc bhuaiteoirí na duaise freisin. In 2022, tionscadal ón gCipir ba ea ceann de bhuaiteoirí na vótála poiblí, rud a léiríonn go bhfuil a fhor-rochtain agus a aitheantas poiblí á leathnú de réir a chéile ag NEB go dtí na Ballstáit bheaga

I gcás roinnt mhaith craobhiomaitheoirí agus buaiteoirí na nDuaiseanna, spreag an dámhachtain tuilleadh gníomhaíochta i gcomhréir le luachanna NEB. Sampla den scoth is ea ‘Clár Cónaithe Bauhaus Vín 2023’ atá á thairiscint ag foireann a bhuaigh duais Ostarach NEB in 2022 (Gleis 21, einszueins architektur & Schwarzatal) do na 52 chraobhiomaitheoir a bhí sa bhabhta ceannais de Dhuaiseanna NEB 2022. Le linn an chláir seo, tabharfar cuireadh do cheathrar iomaitheoirí d’eagrán 2022 de Dhuaiseanna NEB obair a dhéanamh ar an topaic ‘inbhuanaithe álainn cuimsitheach’ ar feadh 1 mhí amháin i Vín. An tAcadamh Odysseya na Gréige, a bhuaigh duais in 2022 as a dtionscadal a chuireann

<sup>55</sup> [https://new-european-bauhaus.europa.eu/get-involved/2022-prizes\\_en](https://new-european-bauhaus.europa.eu/get-involved/2022-prizes_en)

chun cinn lánpháirtíú gairmiúil grúpaí leochaileacha daoine, tá sé beartaithe acu cuireadh a thabhairt do bhuaiteoirí Dhuais NEB eile agus iad a óstáil sa Ghréig.

Ina dhiaidh sin, roghnaíodh ceann de na tionscadail bhuaiteacha in 2021, **tionscadal NEST** na Spáinne a bronnadh sa chatagóir 'Réitigh maidir le comhéabhlóidiú na timpeallachta tógtha agus an dúlra', le haghaidh luasaire ghnólachtaí nuathionscanta EIT. Léiríonn sé sin tús le cur chuige tonnadóra ó NEB, ó smaointe go gnólachtaí, ó fhiontair nuathionscanta go fás ar scála, ag tógáil sineirgí le hionstraimí an Aontais.

Dheimhnigh roinnt mhaith de thairbhíthe an chéad dá bhabhta de Dhuaiseanna NEB go raibh tionchar dearfach buan ag an duais ar a dtionscadail. Chuir siad i dtábhacht na buntáistí a bhaineann le bheith mar chuid de phobal a bhfuil na luachanna céanna aige agus an spreagadh a thug Duaiseanna NEB agus an cistiú gaolmhar dá dtionscadail as ar eascair na chéad chlaochluithe infheicthe ar an talamh. Thar aon ní eile, is ceannródaithe iad buaiteoirí Duaise NEB, agus sampla á thabhairt acu gur féidir teacht ar réitigh ardcháilíochta, inbhuanaithe agus ionchuimsitheacha agus gur féidir roinnt mhaith eile a spreagadh chun é sin a dhéanamh.



*Na Coimisinéirí Mariya Gabriel, Elisa Ferreira agus buaiteoirí Dhuaiseanna 2022 ag an searmanas dámhachtana i mí an Mheithimh 2022, a bhí mar chuid d'Fhéile NEB. © An tAontas Eorpach 2022*

De réir mar a athraíonn tionscnamh NEB ár dtimpeallacht maireachtála agus an cur chuige atá againn i leith rudaí a dhéanamh, téann Duaiseanna NEB in oiriúint chun an claoclú sin a léiriú. Den chéad uair riamh, leathnófar raon feidhme geografach eagrán Dhuaiseanna NEB 2023 chun tionscadail a chuirtear chun feidhme sna **Balcáin Thiar** a chuimsiú sa bhreis ar an Aontas Eorpach, i gcomhréir le ceann de chuspóirí fadtéarmacha NEB is é sin tús a chur le comhrá domhanda, chun oibriú le chéile agus foghlaim óna chéile maidir le réitigh áitiúla ar dhúshláin dhomhanda a chur ar fáil. Thairis sin, i mBliain Eorpach na Scileanna, taobh le tionscadail sheanbhunaithe ó '**Churaidh Bauhaus Eorpach Nua**' agus smaointe den scoth ó '**Réaltaí Óga Bauhaus Eorpach Nua**', beidh snáithe breise do '**Churaidh Oideachais Bauhaus Eorpach Nua**' dírithe ar thionscnaimh a dhíríonn ar oideachas agus ar fhoghlaim<sup>56</sup>. Bronnfaidh an comórtas EUR 345 000 ar 15 bhuaiteoir sna trí shnáithe sin chun cuidiú leo a dtionscadail agus a gcoincheapa a fhorbairt agus a chur chun cinn tuilleadh. Fógrófar na buaiteoirí ag searmanas oifigiúil a bheidh á óstáil ag an gCoimisiún Eorpach i mí an Mheithimh 2023.

<sup>56</sup> In eagráin na nduaiseanna amach anseo, d'fhéadfaí snáitheanna téamacha eile a mholadh.

## 9. Cumarsáid, rannpháirtíocht phoiblí, imeachtaí

### 9.1 Cumarsáid agus rannpháirtíocht an phobail

Iarrann NEB gníomhaíocht il-leibhéil chomhchoiteann agus rannpháirtíocht na saoránach chun todhchaí níos áille, níos inbhuanaithe agus níos ionchuimsithí a thógáil. Ó seoladh é, tá an chumarsáid lárnach in iarrachtaí an tionscnaimh maidir le rannpháirtíocht agus ról an phobail a spreagadh.

In 2022, bhí sé d'aidhm ag gníomhaíochtaí cumarsáide NEB an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. Feasacht a mhúscailt faoin tionscnamh agus daoine a spreagadh trí scéalaíocht trí shamplaí áitiúla d'athrú dearfach a thaispeáint<sup>57</sup>.
2. Teagmháil a dhéanamh le gairmithe i réimsí ábhartha a bhfuil suim acu páirt a ghlacadh i bpobal méadaitheach an tionscnaimh.
3. Ábhar agus faisnéis chabhrach a roinnt maidir le tacaíocht tionscadail a fháil trí na deiseanna cistithe atá ar fáil.

I rith na bliana, scaipeadh príomhtheachtaireachtaí chuig gníomhaithe, comhaltaí an phobail agus saoránaigh ábhartha tríd an bpreas<sup>58</sup>, na meáin dhigiteacha (suíomh gréasáin<sup>59</sup>, nuachtlitreacha,<sup>60</sup> Instagram<sup>61</sup>), agus imeachtaí<sup>62</sup> (aghaidh ar aghaidh agus ar líne).

Ba iad **Duaiseanna NEB 2022** (Eanáir-Iúil) agus **Féile NEB** (Feabhra- Meitheamh) an dá fheachtas ba shuntasá agus ba mhó tionchar a sheol an tionscnamh in 2022. Bhí gach ceann de na feachtais ilchainéalach agus ilteangach.

I measc bhuaicphointí na bliana bhí seoladh Saotharlann NEB agus leathnú an Phobail<sup>63</sup> chun cuideachtaí agus údaráis phoiblí a thabhairt isteach i mí Aibreáin. Tharraing ainmniú bhuaiteoir chomórtas ailtireachta idirnáisiúnta NEB<sup>64</sup> aird mhór freisin maidir le foirgneamh nua chun cóiríocht a chur ar fáil do 400 taighdeoir ag Airmheán Comhpháirteach Taighde an Choimisiúin in Sevilla. Ar deireadh, ghin fógraí a bhain le deiseanna cistithe agus le torthaí na nglanna NEB rannpháirtíocht mhór i rith na bliana. Samplaí díobh sin ba ea na glaonna oscailte chun tacú le saoránaigh, le cathracha agus le bailte<sup>65</sup> i mí an Mhárta, le léirsitheoirí an tí solais<sup>66</sup> i mí na Bealtaine, leis an seasca cathair CrAFT<sup>67</sup> i mí Mheán Fómhair, agus le glao oscailte NEB GNU ar thionscadail nuálacha i gcathracha<sup>68</sup> i mí Dheireadh Fómhair.

### 9.2 Imeachtaí NEB

Le bliain anuas, chuir imeachtaí a d'eagraigh Pobal NEB agus a eagraíodh dóibh deiseanna iomadúla ar fáil chun smaointe a mhalartú, chun plé a spreagadh ar ábhair NEB agus chun deiseanna comhair

<sup>57</sup> [https://new-european-bauhaus.europa.eu/get-inspired/inspiring-projects-and-ideas\\_en](https://new-european-bauhaus.europa.eu/get-inspired/inspiring-projects-and-ideas_en)

<sup>58</sup> [https://new-european-bauhaus.europa.eu/press-media\\_en](https://new-european-bauhaus.europa.eu/press-media_en)

<sup>59</sup> [https://new-european-bauhaus.europa.eu/index\\_en](https://new-european-bauhaus.europa.eu/index_en)

<sup>60</sup> [https://europa.eu/new-european-bauhaus/stay-touch/e-zine\\_en](https://europa.eu/new-european-bauhaus/stay-touch/e-zine_en)

<sup>61</sup> <https://www.instagram.com/neweuropeanbauhaus/>

<sup>62</sup> [https://new-european-bauhaus.europa.eu/get-involved/events\\_en](https://new-european-bauhaus.europa.eu/get-involved/events_en)

<sup>63</sup> [https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/en/ip\\_22\\_2285](https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/en/ip_22_2285)

<sup>64</sup> [https://new-european-bauhaus.europa.eu/new-european-bauhaus-inspired-future-jrc-site-seville\\_en](https://new-european-bauhaus.europa.eu/new-european-bauhaus-inspired-future-jrc-site-seville_en)

<sup>65</sup> [https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/en/ip\\_22\\_2141](https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/en/ip_22_2141)

<sup>66</sup> [https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/en/ip\\_22\\_2780](https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/en/ip_22_2780)

<sup>67</sup> [https://craft-cities.eu/wp-content/uploads/2022/09/Sixty-cities-join-CrAFT\\_-\\_press-release-29.09.22.pdf](https://craft-cities.eu/wp-content/uploads/2022/09/Sixty-cities-join-CrAFT_-_press-release-29.09.22.pdf)

<sup>68</sup> [https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/en/ip\\_22\\_6003](https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/en/ip_22_6003)

amach anseo a chur faoi chaibidil. Chomh maith leis sin, is féidir le himeachtaí NEB infheictheacht a sholáthar maidir leis an tionscnamh do dhaoine nach bhfuil ar an eolas faoi go fóill, obair leanúnach a chur ar taispeáint agus réimsí agus pobail éagsúla a nascadh le chéile. Go bhfios don Choimisiún, eagraíodh breis agus 120 imeacht díláraithe/neamhspleácha NEB idir mí na Samhna 2021 agus mí na Samhna 2022, agus chur roinnt mhaith acu béim ar dhea-chleachtais a roinnt idir comhaltaí an Chomhphobail, thar theorainneacha agus disciplíní<sup>69</sup>. D’eagraigh Ionadaíochtaí an Choimisiúin sna Ballstáit imeachtaí NEB freisin, agus iad i gcomhpháirtíocht le páirtithe leasmhara agus eagraíochtaí áitiúla agus náisiúnta.

### 9.2.1 Féile Bauhaus Eorpach Nua 2022

Ba í an chéad Fhéile Bauhaus Eorpach Nua (9- 12 Meitheamh 2022) an t- imeacht ba mhó do Phobal NEB ó seoladh an tionscnamh agus tugadh le chéile breis agus 200 000 duine ar líne agus as líne sa Bhruiséil agus sna Ballstáit<sup>70</sup>. Dea- chleachtais a dhéanann ár spásanna maireachtála agus ár n- eispéiris laethúla níos áille, níos inbhuanaithe agus níos ionchuimsithí a chur in iúl, a cheiliúradh agus a phlé i suíomh fisiciúil, ba é sin príomhsprioc na Féile. Bhí an ócáid bunaithe ar thrí phríomhchólún: FAIR (taispeántas thionscnaimh NEB), FEST (clár cultúrtha), agus FORUM (plé ar ábhair a bhaineann le NEB).

D’oscail an tUachtarán Ursula von der Leyen an Fhéile go hoifigiúil ón Róimh, fhad is a bhí na Coimisinéirí Mariya Gabriel agus Elisa Ferreira sa Bhruiséil in éineacht le rannpháirtithe agus dhún siad an t- imeacht ag searmanas bronnta Dhuaiséanna NEB 2022.

Mheall oirniú na Féile agus cur i láthair Dhuais NEB iad féin os cionn 2 000 duine (idir daoine a bhí ar an láthair agus ar líne). Ar an iomlán, chuaigh os cionn 100 cainteoir agus ealaíontóir ar an stáitse agus lean thart ar 200 000 duine na himeachtaí agus na seisiúin iomadúla.

Deis iontach a bhí san Fhéile chun líonrú, malartú agus ceiliúradh a dhéanamh – ón eolaíocht go dtí an ealaín, ó dhearadh go polaitíocht, ó ailtireacht go teicneolaíocht. Sampla den scoth d’infheistíocht an phobail ba ea seoladh **Líonra Ailtireachta Stáit na hEorpa** a cuireadh ar bun ag an bhFéile mar thoradh ar líonrú idir ceathrar ailtirí stáit éagsúla as Éirinn, an Ísiltír, an tSualainn, agus Réigiún Pléimeannach na Beilge agus beirt ailtirí cathrach ón mBruiséil agus ó Groningen<sup>71</sup>.

Cuireadh ábhair nua ar an gclár oibre freisin, amhail an drochstaid san Úcráin. D’eagraigh foireann NEB sraith cruinnithe le Pobal NEB na hÚcráine a bhí i láthair ag an bhFéile.

---

<sup>69</sup> Tá léargas ginearálta ar na himeachtaí neamhspleácha ar fáil ag [https://new-european-bauhaus.europa.eu/get-involved/events\\_en](https://new-european-bauhaus.europa.eu/get-involved/events_en). Ní áirítear leis sin an 200 imeacht eile a eagraíodh i gcomhthéacs Fhéile Bauhaus Eorpach Nua i mí an Mheithimh 2022.

<sup>70</sup> <https://new-european-bauhaus-festival.eu/home>

<sup>71</sup> <https://english.collegevanrijksadviseurs.nl/projects/new-european-bauhaus/state-architect-network/start-of-european-state-architect-network>



*Féile Bauhaus Eorpach Nua © An tAontas Eorpach 2022*

Chomh maith leis na malartuithe díreacha sa Bhruiséil, ba chuid thábhachtach eile den Fhéile an bhreis is 200 **taobh- imeacht** a tharla ar fud na hEorpa. Mheall cuid acu níos mó ná 1 000 rannpháirtí, ach bhí cinn bheaga ann freisin a raibh tionchar díreach acu ar na pobail.

Tá cuid de na taobh- imeachtaí comhdhéanta d'fhéilte beaga iontu féin. Bhí Féile Gréigise NEB ann ag an Ellinikon sa riviera Aithneach, an tionscadal athfhorbartha uirbeach is mó san Eoraip, a d'eagraigh Fóram Domhanda an Duine. Faoin téama '**an Todhchaí á éicea- thógáil**' thug an ócáid le chéile lucht ceaptha beartas ardleibhéal chomh maith le cainteoirí idirnáisiúnta iomráiteacha ó réimsí na héiceolaíochta, na forbartha uirbí, na turasóireachta, na forbartha uirbí athghiniúnaí agus na hinbhuanaitheachta. I roinnt seisiúin théamacha, cuireadh samplaí nua nó nuálacha i láthair thart ar thrí bhunluach NEB: Álainn, Inbhuanaithe, Cuimsitheach.



© Fóram Domhanda um Daonna 2022

Phléigh imeacht eile ar ‘**Cultúr an Chlaochlaithe**’ in Dessau na Gearmáine, ceann de shuíomhanna an Bauhaus stairiúil, conas is féidir le himeachtaí cultúrtha athrú struchtúrach a neartú<sup>72</sup>. Dhírigh an t-imeacht ar an sampla coincreiteach de bhaile Zeitz, baile i gceantar tuaithe gar do Dessau a chuaigh faoi athruithe móra eacnamaíocha agus sóisialta i ndiaidh titim bhalla Bheirlín atá ag dul i ngleic le dúshláin nua mar gheall ar an gcéimniú amach guail atá beartaithe.

Le linn Fhéile NEB, d’eagraigh an Coimisiún taobh-imeacht freisin faoi **thionscnamh Dúshláin na gCathracha Cliste (ICC)**<sup>73</sup>, rud a chuireann le spriocanna NEB le réitigh chruthaitheacha a thugann ciorclaíocht do phobail áitiúla ar fud 136 chathair. Chuir cúig chathair ICC a dtionscnaimh i láthair ag seisiún a bhí dírithe ar ‘Cleachtas Gheilleagair Chiorclacha agus Roinnte a Fhorbairt i gCathracha’<sup>74</sup>. Ba ócáid eile í Féile NEB d’ionadaithe cathracha teacht le chéile agus dul i gcomhar chun réitigh inscálaithe agus inbhuanaithe a chruthú.

Tá sé beartaithe go mbeidh an chéad Fhéile eile NEB ar siúl i mí Aibreáin 2024.

### 9.2.2 Imeachtaí eile a bhaineann le NEB ag an gCoimisiún Eorpach

Féachann NEB le bheith príomhshruthaithe i mbeartais éagsúla de chuid an Aontais. Dá bhrí sin, bhí an tionscnamh le feiceáil go follasach i roinnt imeachtaí agus comhdhálacha eile a d’eagraigh an Coimisiún:

- ba é an imeacht **LIFE sa Bauhaus Eorpach Nua** an chéad ócáid mhór a bhí ann do Phobal NEB teacht le chéile i ndiaidh fhoilsiú na Teachtaireachta. Ag an gcomhdháil 3 lá, léiríodh tionscadail eiseamláireacha a maoiníodh trí chlár LIFE agus Fís 2020, tionscadail a cuireadh chun feidhme de mheon NEB agus a sholáthair na chéad samplaí de NEB i mbun gnímh. Cuspóir eile a bhí ann ná smaointe a sholáthar maidir leis an gcaoi a bhféadfadh tionscadail amach anseo prionsabail NEB a chur chun feidhme.

<sup>72</sup> <https://new-european-bauhaus-festival.eu/side-events/TPp2GonPu07ym1XoARpkW>

<sup>73</sup> <https://www.intelligentcitieschallenge.eu/>

<sup>74</sup> <https://www.intelligentcitieschallenge.eu/news/icc-cities-share-circular-solutions-festival-new-european-bauhaus>

- **Seachtain Eorpach na Réigiún agus na gCathracha** (Deireadh Fómhair 2021), inar díriodh ar an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an Bauhaus Eorpach Nua agus ar rannpháirtíocht an phobail;
- an chomhdháil beartais ag **an tSeachtain Eorpach um Fhuinneamh Inbhuanaithe** (Deireadh Fómhair 2021), inar díriodh ar an Teachtaireacht maidir leis an Bauhaus Eorpach Nua agus ar rannpháirtíocht an phobail;
- an cheardlann ar ‘Bauhaus Eorpach Nua: comhar, pobal agus cultúr don nuálaíocht’ ag na **Laethanta Taighde agus Nuálaíochta** (Meán Fómhair 2022);
- na ceardlanna ag **Seachtain Eorpach na Réigiún agus na gCathracha** (Deireadh Fómhair 2022) maidir le ról na réigiún agus na gcathracha in NEB, an chéad ghlaó ar Ghníomhaíochtaí Nuálacha faoin Tionscnamh Uirbeach Eorpach agus faoi NEB agus an Comhaontú Glas inár réigiúin agus inár gcathracha;
- bhí an NEB i roinnt postálacha blag, taispeántais agus gailearaithe mar chuid de **thionscnamh Europeana**, lena gcumhachtaítear institiúidí oidhreacht cultúrtha ina gclaochluithe digiteacha<sup>75</sup>;
- D’eagraigh **Ionadaíochtaí an Choimisiúin** sna Ballstáit imeachtaí ar fud na hEorpa, ag comhar le heintitis áitiúla agus náisiúnta, mar shampla an chomhdháil „**Dúshláin Ghlasa i gCleachtas Spásúil**’ a d’eagraigh Ionadaíocht an Choimisiúin Eorpaigh san Eastóin in éineacht le Comhlachas Ailtirí na hEastóine. De mheon Bauhaus Eorpach Nua, rinneadh iniúchadh ag an gcomhdháil i dTaillinn ar conas cathracha, foirgnimh agus spás poiblí a phleanáil agus a dhearadh ar bhealaí inbhuanaithe ionchuimsitheacha. D’eagraigh Ionadaíochtaí an Choimisiúin Eorpaigh san Ostair agus sa tSeicia imeacht trasteorann ardleibhéil in Bauhaus Villa Tugendhat in Brno, an tSeicia, chun tionscnamh NEB a chur chun cinn, dar teideal ‘**An Bauhaus Eorpach Nua: áilleacht, inbhuanaitheacht agus oidhreacht chultúrtha trí phríosma Villa Tugendhat**’. Bhí plé ag an ócáid idir an Coimisinéir Mariya Gabriel, an Feisire Eorpach Seiceach Martina Dlabajová, Leas-Aire Cultúir na Seice, Vlastislav Ouroda agus an Caomhnóir-Athchóiritheoir Ivo Hammer le polaiteoirí agus oifigigh ó earnálacha na hailtireachta, an deartha uirbigh, na tógála agus an chultúir.

---

<sup>75</sup> <https://www.europeana.eu/en/new-european-bauhaus>



*LIFE in imeacht Bauhaus Eorpach Nua © An tAontas Eorpach 2021*

### 9.2.3 Imeachtaí a bhaineann le NEB lasmuigh den Eoraip

D'fhonn a ghné idirnáisiúnta a fhorbairt de réir a chéile, bhí NEB i láthair ar an leibhéal idirnáisiúnta freisin:

- láithreacht dhigiteach ag **EXPO Dubai**, ag taispeáint tionscadail/smaointe bhuaiteacha Dhuaisanna NEB 2021;
- Taobh- imeacht an Aontais ag **COP26**, ag díriú ar an ngné dhomhanda de NEB; agus
- seisiún maidir le NEB san **Fhóram Uirbeach Domhanda (WUF)** arna eagrú ag Clár na **Náisiún Aontaithe um Lonnaíochtaí Daonna (UN- Habitat)**